Leanann an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le Interpol, le Europol agus le Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN). Sa tuarascáil seo, leagtar amach roinnt mórfhorbairtí a baineadh amach de bharr comhar idirnáisiúnta in imscrúduithe ar thug an Biúró fúthu. Pléitear go mion inti le roinnt cásanna ar leith chun an leibhéal comhair a bhí ann agus an rath a baineadh amach mar gheall ar an gcomhar sin a thaispeáint. Ina theannta sin, leanann an Biúró le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar leibhéal idirnáisiúnta trí na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

Óna bhunú, tá tacaíocht den scoth á fáil ag an mBiúró ó dhaoine den phobal. Mar fhianaise air sin, tá an dea-chaidreamh oibre atá againn le hInstitiúidí Airgeadais, le Comhlachtaí Cuntasaíochta agus le gníomhaireachtaí eile rialála sa tír agus an teagmháil dhíreach a bhíonn againn leis an bpobal.

Agus úsáid mhéadaithe á baint aige as na meáin shóisialta, d'éirigh leis an mBiúró feabhas a chur ar a acmhainn cumarsáide leis an bpobal agus le comhlachtaí gairmiúla. Mar sin féin, is é príomhaidhm an Bhiúró go fóill díriú ar shócmhainní a ceannaíodh le fáltais ó choireacht agus atá á sealbhú ag coirpigh eagraithe tromchúiseacha a bhíonn ag oibriú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, nó atá á sealbhú thar ceann na gcoirpeach sin. Maidir leis sin, d'éirigh leis an mBiúró Bitcoin, ar airgeadra cripteagrafach é, a urghabháil den chéad uair riamh le linn na bliana.

Thar na blianta seo a chuaigh thart, bhí ar an mBiúró é féin a oiriúnú do phatrúin athraitheacha an iompair choiriúil agus freagairt do na hathruithe sin freisin. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an ngá le comhar idirnáisiúnta idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, is amhlaidh go bhfuil gné idirnáisiúnta ann de gach imscrúdú, beagnach, atá ar bun faoi láthair. De réir gach táscaire, is cosúil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh.

Ina ainneoin sin, léirigh an Biúró a éifeachtaí atá sé maidir leis na dúshláin a ghabhann leis na forbairtí sin a shárú agus an cumas atá aige déanamh amhlaidh. Agus é ag dul isteach san fhichiú bliain dá chuid oibre anois, tá an Biúró fós ina chuid lárnach den fhreagairt fhoriomlán forfheidhmithe dlí a thugtar don choireacht thromchúiseach agus eagraithe sa dlínse seo.

Ar bhonn náisiúnta, is é croíthosaíocht an Bhiúró tacú le hiarrachtaí dul i ngleic le hiompar coiriúil ar leibhéal an phobail áitiúil, agus tá ról tábhachtach ag Clár na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla san iarracht sin. Ba é líon iomlán na bPróifíleoirí Rannacha oilte um Shócmhainní ag deireadh na bliana 2015 ná céad ochtó is a cúig bhall den Gharda Síochána, cúig oifigeach déag de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus triúr oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go fíorbhuíoch don tacaíocht agus don chomhar a fuair an Biúró ó na comhlachtaí seo a leanas le linn na bliana: an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ba mhian liom aitheantas ar leith a thabhairt freisin do shaineolas agus do dhúthracht na n-aturnaetha agus na mball foirne a chuir an Príomh-Aturnae Stáit ar fáil dúinn sa Bhiúró. Ina theannta sin, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na baill foirne sin ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a bhfuil baint acu leis an mBiúró faoi Dhámhachtain Dlí na hEarnála Poiblí a bhuachan don dara bliain as a chéile. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don rannchuidiú a rinne na hAbhcóidí Dlí a bhí fostaithe ag an mBiúró sa bhliain.

Bhí mórán athruithe pearsanra ann laistigh den Bhiúró le linn na bliana, agus iad ag eascairt as imeacht roinnt daoine de bharr ardú céime, scoir agus aistrithe. De bharr struchtúr an Bhiúró, níl aon bhealach ann chun an méid sin a sheachaint. Mar thoradh ar na hathruithe, táthar ag díriú anois ar chóras atá láidir agus a bhfuil dea-acmhainní ar fáil aige a choinneáil le haghaidh oiliúint foirne. Tá an córas sin á

Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chug Coimisinéir an Gharda Síochána

fhorbairt le blianta beaga anuas.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d'obair dhícheallach an phearsanra ar fad a bhfuil baint acu leis an mBiúró san am i láthair agus a raibh baint acu leis an mBiúró roimhe seo. De bharr chineál na hoibre a bhíonn i gceist, ní féidir aitheantas poiblí a thabhairt dóibh ina lán cásanna mar gheall ar an riachtanas le neamhainmníocht agus mar gheall ar riachtanais slándála an phearsanra a bhaineann lena gcuid oibre. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom an deis a thapú fáilte a chur roimh an bpearsanra nua a tháinig isteach sa Bhiúró le linn na bliana agus guím gach rath orthu sa todhchaí.

Ar deireadh, agus toisc gurb é seo an tuarascáil dheireanach uaim mar Phríomh-Oifigeach ar an mBiúró, is mian liom aitheantas a thabhairt don ardleibhéal gairmiúlachta, dúthrachta agus tiomantais a léirigh gach oifigeach agus ball foirne de chuid an Bhiúró le linn dom gníomhú sa ról. Ba mhaith liom gach rath sa todhchaí a ghuí ar Phríomh-Oifigeach nuacheaptha an Bhiúró.

Ba mhór an onóir dom deis a bheith agam gníomhú mar Phríomh-Oifigeach ar an mBiúró le sé bliana anuas.

Le meas,

Eugene Corcoran

EUGENE CORCORAN
COIMISINÉIR CÚNTA
PRÍOMH-OIFIGEACH AN BHIÚRÓ

3 Lúnasa 2016

Brollach

Tuarascáil Alt 21

Is é seo an 20ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "an Biúró" anseo feasta) agus cuimsítear inti an tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 agus an dá dháta sin san áireamh.

Rinneadh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996, a leasú roinnt uaireanta. Ba leis an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005, a rinneadh an leasú ba shuntasaí díobh.

Chun críche na tuarascála seo, tabharfar "an tAcht" ar an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo feasta agus tabharfar "an tAcht um FC" ar an Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005, anseo feasta. Is é atá in Achtanna 1996, agus in Acht 2005, comhtheideal leasuithe lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile de bhun Alt 21 den Acht, lena gceanglaítear ar an mBiúró tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2015 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, trí Choimisinéir an Gharda Síochána.

Brollach
Alt 21

Radharc ar na Ceithre Cúirteanna, Baile Átha Cliath

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

An Biúró

Cuireadh an Biúró ar bun go foirmiúil le hachtú an Achta an 15 Deireadh Fómhair 1996. Foráiltear san Acht don méid seo a leanas (i measc ábhair eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomh-Oifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis i dtaobh foireann an Bhiúró agus teaghlaigh fhoireann an Bhiúró a aithint;
- cionta agus pionóis i dtaobh cúrsaí a bhac agus i dtaobh imeaglú a dhéanamh;
- Barántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla; agus
- Orduithe soláthair an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil dó tríd an Oireachtas chun go bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Faoi mar a fhoráiltear dó le Reacht, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar an airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, mar atá leagtha amach sa tábla.

Ina theannta sin, déanann Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh bliantúil neamhspleách ar nósanna imeachta agus ar phróisis an Bhiúró.

Cuntais don bhliain 2015

Cur síos	Meid €	
	2014	2015
Pá	5,500,000	5,681,000
Caiteachas eile	1,154,000	997,000
Iomlán	6,654,000	**6,678,000**

Cuspóirí agus feidhmeanna

Leagtar cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró amach in Alt 4 agus in Alt 5 faoi seach den Acht. Leagtar na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla sin amach ina n-iomláine san Aguisín. Is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

1. na fáltais ó iompar coiriúil a aithint agus a imscrúdú;
2. gníomhartha a dhéanamh faoin dlí chun na tairbhí a ghabhann le sócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil a bhaint de dhaoine trí na sócmhainní sin a chalcadh, a chaomhnú agus a choigistiú;
3. gníomhartha a dhéanamh faoi na hAchtanna Ioncaim chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil; agus

4. éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh.

Príomh-Oifigeach an Bhiúró

Tá an Biúró faoi cheannas ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána óna chuid ball atá ag céim an Ard-Cheannfoirt. Is é Príomh-Oifigeach an Bhiúró faoi láthair ná an Bleachtaire Ard-Cheannfort Eugene Corcoran a chuaigh i mbun an phoist an 1 Meán Fómhair 2010. Agus é seo á scríobh, tá Eugene Corcoran tar éis ardú céime a fháil chuig ról an Choimisinéara Chúnta laistigh den Gharda Síochána.

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, faoi Alt 7 den Acht, as bainistíocht, as rialú agus as riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomh-Oifigeach an Bhiúró freagrach don Choimisinéir as comhlíonadh fheidhmeanna an Bhiúró.

Foráiltear san Alt sin freisin go gceapfar Príomh-Oifigeach Gníomhach chun an Bhiúró chun feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás aon éagumais de dheasca breoiteachta, neamhláithreachta nó aon chúise eile.

Comhlacht corpraithe

Is ann don Bhiúró mar chomhlacht corpraithe neamhspleách, faoi mar a fhoráiltear dó faoi Alt 3 den Acht. Rinne an Ard-Chúirt breithniú ar stádas an Bhiúró den chéad uair sa bhliain 1999 i gcás Murphy -v- Flood ([1999] IEHC 9).

Is é an Breitheamh Onórach McCracken a thug an breithiúnas ón Ard-Chúirt an 1 Iúil 1999. Tá an breithiúnas sin an-tábhachtach maidir le cineál an Bhiúró a thuiscint.

Ba é seo a leanas an tuairim ón gCúirt:

"Tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ina chomhlacht corpraithe, agus síorchomharbas aige. In ainneoin nach mór Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh ó bhaill den Gharda Síochána atá ag céim an Ard-Cheannfoirt, tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé gur ag an mBiúró atá cuid mhór de na cumhachtaí a thugtar don Gharda Síochána de ghnáth.

...

Cruthaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla le Reacht, ní craobh de chuid an Gharda Síochána é. Chuir an tOireachtas ar bun é mar chomhlacht corpraithe chun a chinntiú nach mbainfeadh daoine tairbhe as aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil. Tá sé de chumhacht aige gach gníomh is gá a dhéanamh i leith sócmhainní a tháinig ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a ghnóthú agus tugtar cumhachtaí áirithe dó a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht den sórt sin. Tá cumhachtaí áirithe aige freisin faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Mar sin féin, ní comhlacht ionchúisimh ná údarás póilíneachta é. Údarás imscrúdaithe is ea é. Tar éis dó imscrúdú a dhéanamh agus na cumhachtaí suntasacha imscrúdaithe atá aige a fheidhmiú, déanann sé iarratas chuig an gCúirt chun cúnamh a fháil maidir lena chuid feidhmeanna a fhorfheidhmiú.

Is soiléir gur chreid an tOireachtas, agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla á chur ar bun aige, gur ghá, chun leas an phobail, comhlacht a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach a bhunú. Mar sin féin, nílim den tuairim gurb ionann é agus an Garda Síochána, rud a dhéanann imscrúdú d'fhonn daoine a ionchúiseamh i gcionta. Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla imscrúdú d'fhonn sócmhainní a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla a ghnóthú agus na sócmhainní sin a thabhairt ar aghaidh don Stát."

Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Oráiltear in Alt 8 den Acht d'oifigigh a cheapadh chuig an mBiúró. Is faoi Alt 9 den Acht a cheaptar baill foirne an Bhiúró.

Is iad seo a leanas Oifigigh an Bhiúró:

A. baill den Gharda Síochána;

B. oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim; agus

C. oifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tugtar oifigigh ar iasacht óna máthairghníomhaireacht.

Tá foireann an Bhiúró comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

I. Oifigeach Dlí an Bhiúró;

II. baill ghairmiúla foirne an Bhiúró;

III. baill foirne riaracháin agus teicniúla an Bhiúró.

Leantar le cumhachtaí agus le dualgais a dhílsiú d'Oifigigh de chuid an Bhiúró beag beann ar a gceapadh mar Oifigigh de chuid an Bhiúró.

Is é leibhéal údaraithe foirne an Bhiúró faoi láthair ná aon duine is seachtó, figiúr a chuimsíonn Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne eile araon.

Le linn na bliana 2015, líonadh na trí fholúntas a bhí ann cheana féin sa Gharda Síochána. Mar sin féin, tháinig folúntas eile chun cinn sa Gharda Síochána i mí Aibreáin 2015 tar éis do dhuine dul ar scor. Meastar go líonfar an folúntas sin le linn na bliana 2016.

Bhí dhá fholúntas ann don ról mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin Leasa Shóisialaigh ag deireadh na bliana 2015. Meastar go líonfar na folúntais sin le linn na bliana 2016.

Mar thoradh ar ardú céime a bronnadh ar Oifigeach Feidhmiúcháin i mí na Samhna 2014, tá folúntas ann i Rannóg Riaracháin an Bhiúró go fóill. Táthar ag súil leis go líonfar an folúntas sin tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn na bliana 2016.

Leibhéil Soláthar Foirne

Leibhéil údaraithe ilghníomhaireachta



Neamhainmníocht

D'fhonn sábháilteacht Oifigigh agus bhaill foirne áirithe an Bhiúró a chinntiú, foráiltear do neamhainmníocht na mball sin faoi Alt 10 den Acht. Faoin Alt sin, is in ainm an Bhiúró a chomhlíonann oifigigh agus baill foirne an Bhiúró a gcuid dualgas.

Foráiltear in Alt 11 den Acht gur cion coiriúil é Oifigigh, baill foirne agus teaghlaigh bhaill foirne an Bhiúró a aithint.

Ní thagann na daoine seo a leanas faoin gcosc sin ar aithint: Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró agus Oifigigh Bhiúró ar baill den Gharda Síochána iad.

Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, agus tá sé de dhualgas air faoi Alt 9 den Acht cabhrú leis an mBiúró a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a bhaint amach.

Struchtúr an Bhiúró

A bhuí le struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró, rud trína dtarraingítear scileanna éagsúla an phearsanra lena mbaineann le chéile, tá cumas imscrúdaitheach níos fearr ag an mBiúró a shainchúram reachtúil a bhaint amach. Féadfar é sin a dhéanamh faoi Alt 5 den Acht, áit a mionsonraítear feidhmeanna an Bhiúró.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuireann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (dá ngairtear "OPAS" anseo feasta) comhairle dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil don Bhiúró.

Déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró maidir le dlíthíocht a thionscnamh agus a chosaint araon i ngach dlínse chúirte, go príomha le cúnamh ó Abhcóidí, ach ní go heisiach leis. Ina theannta sin, déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró i ngach ábhar cánach agus leasa shóisialaigh os comhair na gcomhlachtaí achomhairc lena mbaineann agus i gCúirteanna Cuarda agus in Uaschúirteanna araon.

Ina theannta sin, cuireann OPAS comhairle ghinearálta dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil ag gach céim de chásanna, idir imscrúdú agus dhiúscairt, lena n-áirítear seirbhísí dréachtaithe conartha agus seirbhísí tíolactha a sholáthar.

Bhí foireann OPAS comhdhéanta de na daoine seo a leanas le linn na bliana 2015:

2 aturnae;

2 fheidhmeannach dlí; agus

2 oifigeach cléireachais.

Maidir leis an bhfolúntas mar aturnae a bhí gan líonadh ón mbliain 2009 i leith, líonadh sa bhliain 2015 é.

Ar deireadh, bhuaigh OPAS an dámhachtain "Foireann Dlí na Bliana san Earnáil Phoiblí" arís eile sa bhliain 2015 ag Dámhachtainí Dlí bliantúla na hÉireann. Bhuaigh sí an dámhachtain sa bhliain 2014 freisin, nuair a d'éirigh sí ar an gcéad rannóg riamh de chuid Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, Oifig an Ard-Aighne nó na gCoimisinéirí Ioncaim chun aitheantas den sórt sin a fháil.

Próifíleoirí Rannacha

Leanadh ar aghaidh leis an gClár Oiliúna do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla a athbhreithniú le linn na bliana 2015. Reáchtáladh Clár eile Oiliúna do Phróifíleoirí ansin i mí Aibreáin 2015 agus oileadh naonúr Gardaí breise lena linn. Ag deireadh na bliana 2015, bhí dhá chéad is a trí Phróifíleoir Rannacha oilte um Shócmhainní Coiriúla ann laistigh den dlínse seo, agus iad miondealaithe mar seo a leanas:

- 185 Gharda;
- 15 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí i mbun dualgais Chustaim agus Máil; agus
- 3 Oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Is é ról na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla ná idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBiúró agus cúnamh a thabhairt dó le linn don Bhiúró imscrúduithe a dhéanamh laistigh dá Rannóga agus dá Limistéir Gharda faoi seach.

Lena chois sin, ullmhaíonn Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla próifílí ar choirpigh atá gníomhach laistigh dá limistéar agus tarchuireann siad na próifílí sin chuig an mBiúró lena mbreithniú le haghaidh gníomhaíochta de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró.

TACTIC
(An Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí)

Ba iad baill den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a d'fhorbair an Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí ar mhaithe le sainoiliúint in Imscrúduithe Rianú Sócmhainní agus Airgeadais a chur ar fáil do bhaill den Bhiúró.

Is ionann an Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí agus cúrsa oideachasúil ceithre mhodúl a reáchtáiltear i gcomhar le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána ar an Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann. Thug roinnt saineolaithe dlí agus gníomhaireachtaí Stáit léachtaí do rannpháirtithe sa chúrsa cheana féin. Tá an cúrsa struchtúrtha ar bhealach ina dtugtar aird ar gach gné d'obair an Bhiúró, agus béim ar leith á cur ar na nithe seo a leanas:

- Sainaithint Sócmhainní/ Nósanna Imeachta um Fháltais ó Choireacht
- Próifíliú agus Anailís Airgeadais / Sciúradh Airgid
- An Fhóiréinsic Dhigiteach/Cibear-Airgeadra

Chuir dháréag ball den Bhiúró ceithre mhodúl an chúrsa i gcrích i mí na Samhna 2015. Tá sé beartaithe go gcuirfidh grúpa eile mac léinn Modúl 1 i gcrích i mí na Bealtaine 2016 agus go gcuirfidh sé Modúl 2 i gcrích ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2016.

Tá díospóireacht ar siúl idir an Biúró agus Coláiste an Gharda Síochána go fóill maidir le creidiúnú ó institiúid tríú leibhéal a bhaint amach don chúrsa ar mhaithe le cáilíocht ghairmiúil a thabhairt d'imscrúdaitheoirí.

Léaráid: Struchtúr Eagrúcháin an Bhiúró



Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúro um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Dó
Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe

Le linn na bliana 2015, lean Oifigigh an Bhiúró leis na cumhachtaí agus leis na dualgais a dílsíodh dóibh faoi Alt 8 den Acht a fheidhmiú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur san Alt sin a dhílsítear d'Oifigigh an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a mbronntar orthu de bhun iad a bheith ina mbaill dá máthaireagraíocht faoi seach.

Mar aon leis na cumhachtaí sin, tá cumhachtaí ar leith ar fáil don Bhiúró, mar shampla:

1. Barántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla; agus
2. Orduithe chun ábhar a chur ar fáil don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Tá na cumhachtaí sin leagtha amach in Alt 14 agus in Alt 14A den Acht agus den Acht um FC faoi seach.

Thug an Biúró faoina chuid imscrúduithe sa bhliain 2015 le comhar agus le cúnamh phearsanra an Gharda Síochána ó Rannóga agus ó aonaid náisiúnta de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (BGSIC), an Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (BNDCE), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (BNIC), an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (ASB) agus an Rannóg Slándála agus Faisnéise, Ceanncheathrú an Gharda Síochána.

Fuarthas tacaíocht ó phearsanra na gCoimisinéirí Ioncaim ó gach ceann de na réigiúin seo a leanas le linn imscrúduithe freisin: Réigiún Bhaile Átha Cliath (Calafort agus Aerfort); Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair; Réigiún an Iardheiscirt agus an Oirthir agus Réigiún an Oirdheiscirt. Fuarthas tacaíocht ón Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh freisin.

Lean an Biúró de bheith ag comhoibriú le hAonaid Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí i ndáil lena gcuid imscrúduithe sa bhliain 2015.

Bhí an cúnamh sin - cúnamh atá faighte againn go leanúnach - ríthábhachtach maidir leis an rath a baineadh amach ó thaobh a bheith ag díriú ar na fáltais ó iompar coiriúil le linn na bliana 2015.

Alt 14

Foráiltear in Alt 14 den Acht do bharántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Faoi Alt 14(1), féadfaidh Oifigeach Biúró ar ball den Gharda Síochána é iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun barántas a fháil cuardach i gcomhair fianaise a bhaineann le sócmhainní nó le fáltais a tháinig ó iompar coiriúil.

Foráiltear in Alt 14(2) agus in Alt 14(3) go bhféadfar barántas cuardaigh den chineál céanna a eisiúint in imthosca ina bhfuil práinn i gceist agus nach meastar gur féidir freastal ar iarratas chuig an gCúirt Dúiche iontu. Sa chás sin, féadfar an barántas a eisiúint do bhall den Gharda Síochána nach ísle a chéim ná Ceannfort.

Cuid a Dó
Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

I gcaitheamh na bliana 2015, ba chuig an gCúirt Dúiche a rinneadh gach iarratas faoi Alt 14 agus níor eisíodh aon bharántais ar bith de bhun Alt 14(2).

Is é atá i gceist le barántas cuardaigh Alt 14 ná go dtugtar cead d'Oifigeach ainmnithe de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é ábhar sa láthair ainmnithe a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil, in éineacht le cibé daoine eile a mheasann an tOifigeach sin a bheith riachtanach.

Baineann tábhacht leis sin toisc go dtugann sé cead don bhall den Gharda Síochána dul in éineacht le daoine eile a mheasann Oifigeach an Bhiúró a bheith riachtanach, lena n-áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus go gairmiúil, ar mhaithe le cúnamh a thabhairt dó/di le linn an chuardaigh.

Alt 14A

Cuireadh Alt 14A isteach leis an Acht um FC agus foráiltear ann go bhféadfaidh Oifigeach de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun ordú a fháil lena dtreoraítear duine ainmnithe ábhar a chur ar fáil don Oifigeach sin.

Iarratais a rinneadh le linn na bliana 2015

Le linn na bliana 2015, rinneadh an líon iarratas seo a leanas faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht agus den Acht um FC faoi seach:

Iarratais faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

Cur síos	Líon	
	2014	2015
Barántais chuardaigh faoi Alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	61	80
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	185	173

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht, 1996 agus 2005

Réamhrá

Foráiltear san Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005, ("an tAcht um FC") do mheicníocht faoina bhféadfaidh an Biúró iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun duine / aonáin a chalcadh nó a shrianadh i dtaca le sócmhainn ar leith.

Ina theannta sin, tugtar cead don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, agus an dualgas cruthúnais uirthi, ar cé acu a tháinig nó nár tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

Leasaíodh an tAcht um FC sa bhliain 2005 chun go bhféadfaí na himeachtaí a thabhairt in ainm an Bhiúró in ionad ainm Phríomh-Oifigeach an Bhiúró. Is in ainm an Bhiúró atá gach iarratas ón mBiúró á ndéanamh ó shin i leith.

Cuirtear tús leis na himeachtaí Cúirte tráth a fhaigheann an Ard-Chúirt iarratas a bhfuil mionnscríbhinní faoi mhionn ó fhinnéithe iomchuí ag gabháil leis. Áirítear leis na finnéithe sin baill den Gharda Síochána, Oifigigh eile de chuid an Bhiúró agus, i gcásanna ábhartha, baill foirne ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i ndlínsí eile.

Foráiltear in Alt 2 den Acht um FC go bhféadfar an t-iarratas a dhéanamh ar bhonn ex-parte. Ciallaíonn sé sin go ndéanann an Biúró an t-iarratas gan ceanglas a bheith air fógra a thabhairt don duine lena mbaineann (an Freagróir) faoin iarratas ag an am sin. Maireann ordú Alt 2 21 lá mura ndéantar iarratas faoi Alt 3 den Acht um FC. Is le linn na tréimhse sin a thugtar fógra don duine lena mbaineann.

Sa bhliain 2015, cuireadh tús le himeachtaí Alt 3 i ngach ceann de na cásanna a thionscain an Biúró le linn na bliana 2015 agus ina ndearnadh ordú Alt 2(1). Tugtar cead in Alt 3 sócmhainní a chalcadh ar bhonn fadtéarma.

Cé nach mór tús a chur le cásanna Alt 3 laistigh de 21 lá ó ordú Alt 2 a dhéanamh, is féidir go rachaidh méid suntasach ama thart go dtí go n-éistfear cás Alt 3 san Ard-Chúirt. Éistear éisteachtaí Alt 3 agus an Freagróir i láthair. Le linn na n-éisteachtaí, féadfaidh an Freagróir agóid in aghaidh an cháis atá á chur ar aghaidh i ndáil leis an maoin atá i gceist.

Sa chás nach bhfuil sé d'acmhainn ag an bhFreagróir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, féadfaidh Freagróir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt cúnamh dlíthiúil a fháil faoi Scéim um Chúnamh Dlíthiúil atá i bhfeidhm chun na críche sin. Cinntíonn sé sin go ndéanfar ionadaíocht do chearta an Fhreagróra ina n-iomláine agus de réir na gcaighdeán is airde.

Má thaispeántar chun sástacht na hArd-Chúirte le linn éisteacht Alt 3 gur tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, déanfaidh an Ard-Chúirt ordú lena ndéanfar an tsócmhainn sin a chalcadh. Mairfidh an t-ordú sin seacht mbliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin, féadfaidh an Freagróir nó aon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin iarratas a dhéanamh go n-athrófaí an t-ordú Cúirte i leith na maoine sin.

Tráth a rachaidh an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfaidh an Biúró tús a chur le himeachtaí ansin chun an tsócmhainn a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó chuig aon duine eile den sórt sin de réir mar a chinneann an Chúirt faoi Alt 4 den Acht. Le linn na n-imeachtaí sin, tugtar fógra arís do gach páirtí leasmhar agus féadfaidh siad iarratais a dhéanamh chuig an gCúirt.

Sa chás nach bhfuil an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfar ordú toilithe diúscartha faoi Alt 4A den Acht a chur i gcrích le toiliú ón bhFreagróir agus ón gCúirt.

Súil siar ar Alt 2

Tugadh trí chás déag nua os comhair na hArd-Chúirte le linn na bliana 2015. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, tugadh deich gcás nua sa bhliain 2014.

Cásanna nua faoin Acht um FC a tugadh os comhair na hArd-Chúirte



Tugann an Biúró faoi deara an méadú a bhí ann i líon na gcásanna ar cuireadh tús leo sa bhliain 2015 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2014.

Agus an figiúr sin curtha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2014, léirítear go raibh méadú ann i líon na sócmhainní a bhfuarthas ordú Alt 2(1) ina leith sa bhliain, agus an líon ag titim ó dhá shócmhainn is fiche go seacht sócmhainn is tríocha.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 2(1) ina leith



Le linn na bliana 2015, thionscain an Biúró imeachtaí i leith roinnt cineálacha éagsúla sócmhainne, agus méadú suntasach ann i sócmhainní airgid/airgeadais. Chun críocha próifílithe, miondealaítear na sócmhainní mar seo a leanas: seodra, maoin, feithiclí agus sócmhainní airgid/airgeadais.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 2(1) ina leith
Miondealú sócmhainní



Miondealú Luachála

B'ionann luach na trí shócmhainn déag a calcadh faoi Alt 2 den Acht um FC le linn na bliana 2015 agus €941,078.59. Is féidir an figiúr sin a mhiondealú mar seo a leanas sa tábla thíos.

Anailís ar Orduithe Alt 2 de réir cineál sócmhainne

Cur síos	€
Maoin	100,528.00
Seodra	20,950.00
Feithiclí	72,300.00
Sócmhainní Airgid/Airgeadais	747,300.59
Iomlán	**941,078.59**

I gcás na bhfigiúirí a bhaineann le maoin, le seodra agus le feithiclí, tá siad bunaithe ar an luach réamh-mheasta a chur an Biúró ar an tsócmhainn nuair a bhí iarratas á dhéanamh aige faoi Alt 2(1) den Acht um FC.

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2



Léirítear sna torthaí don bhliain 2015 gur tháinig laghdú ar luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2014, bliain inar calcadh sócmhainní dar luach €6.760 milliún. Is laghdú suntasach é sin, ach is féidir é a chur i leith dhá chás eachtracha idirnáisiúnta maidir le héilliú. Tionscnaíodh na cásanna sin sa bhliain 2014 agus bhí siad ina n-ábhar d'éisteacht iomlán Alt 3(1) le linn na bliana 2015 (féach na sonraí thíos).

Sa bhliain 2015, d'éirigh leis an mBiúró Bitcoin, ar cineál airgeadra chripteagrafaigh é, a urghabháil den chéad uair riamh. Tugann an Biúró aird ar leith ar an bhforbairt sin agus déanfaidh sé iarracht na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr a bhunú maidir le sócmhainní den sórt sin a imscrúdú, a chalcadh, a urghabháil agus, ar deireadh, a choigistiú.

Líon na gcasanna a ndearnadh Orduithe Alt 3(1) ina leith



Lógó Bitcoin

Bhí laghdú ann i líon na sócmhainní a ndearna an Ard-Chúirt orduithe Alt 3(1) ina leith, agus an líon sin ag titim ó thríocha sócmhainn sa bhliain 2014 go hocht sócmhainn déag sa bhliain 2015.

Súil siar ar Alt 3

Déantar orduithe Alt 3(1) ag deireadh na héisteachta ar cé acu is fáltas ó iompar coiriúil í sócmhainn nó nach ea. Mar sin, níl aon neart ag an mBiúró ar dháta ná ar fhad ama na héisteachta ar an ábhar.

Le linn na bliana 2015, bhí orduithe Alt 3(1) i bhfeidhm in aon chás déag a bhí os comhair na hArd-Chúirte, agus luach iomlán €7,225,091.98 ag baint leo.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 3(1) ina leith



Beag beann ar an méadú beag a bhí ann i líon na gcásanna agus ar an laghdú suntasach a bhí ann i líon na sócmhainní a ndearnadh ordú Alt 3(1) ina leith sa bhliain 2015, áfach, bhí méadú an-suntasach ann i luach na n-orduithe a rinneadh sa bhliain. Mhéadaigh luach na n-orduithe sin ó €1.564 milliún sa bhliain 2014 go €7.225 milliún sa bhliain 2015.

Is féidir an méadú suntasach sin a chur i leith dhá chás lenar bhain ardluach, ba iad sin:

1. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Abacha; agus
2. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Siriwan.

I gcás na n-imeachtaí in Éirinn, ar thionscain an Biúró iad, bhain siad le hairgead a bhí á shealbhú ag Mohammed Sani Abacha in HSBC Life (Europe) Limited. Sealbhaíodh an t-airgead sin i 30 polasaí ar ceannaíodh iad ar chostas iomlán US$4 milliún.

Anailís ar Orduithe Alt 3 de réir cineál sócmhainne

Cur síos	€
Maoin	201,000.00
Seodra	23,800.00
Feithiclí	31,300.00
Sócmhainní Airgid/Airgeadais	6,968,991.98
Iomlán	**7,225,091.98**

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 3(1)



An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Mohammed Sani Abacha Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2014/10/CAB

Sa bhliain 2014, thionscain an Biúró imeachtaí in aghaidh an Uas. Mohammed Sani Abacha, ar mac leis an nGinearál Sani Abacha nach maireann é. Deachtóir na Nigéire a tháinig i réim tar éis coup sa bhliain 1993 ba ea an Ginearál. Tá tuairiscí leathana ann ar na sáruithe córasacha a rinne réimeas Abacha ar chearta an duine, ar an ról a bhí ag an réimeas i ngáinneáil ar dhrugaí agus ar na mórleibhéil éillithe nach bhfacthas riamh a bhí ann faoin réimeas.

Ba ar bhonn trasnáisiúnta agus i roinnt dlínsí éagsúla – lenar áiríodh Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ríocht Aontaithe, Geirsí, an Fhrainc agus an Eilvéis – a tionscnaíodh imeachtaí chun an t-airgead ar ghoid Abacha agus a theaghlach é a aisghabháil.

D'argóin an Biúró gurbh ionann an t-airgead agus na fáltais ó iompar coiriúil ina ndearnadh roinnt cionta rialála, ioncaim agus sciúradh airgid san Eilvéis, i Sasana, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus in Éirinn.

Roghnaigh Mohammed Sani Abacha, a bhfuil cónaí air sa Nigéir, gan freastal ar na héisteachtaí. Ní dhearnadh ionadaíocht dó ag na héisteachtaí ach oiread. Thug an Biúró faoi bhearta fairsinge chun a chinntiú go seirbheálfaí gach páipéar san ábhar air. Cuireadh isteach go mór ar an obair sin, áfach, de bharr ráig víreas Ebola agus de bharr briseadh amach foréigin ar láimh Boko Haram i gcúige Kano sa Nigéir.

Liostaíodh an t-ábhar lena éisteacht ag an Ard-Chúirt i mí an Mhárta 2015. Ag an éisteacht sin, rinneadh an chúirt a shásamh gur dhóigh gurbh ionann an t-airgead agus na fáltais ó iompar coiriúil.

Ceapadh glacadóir ansin chun seilbh an airgid a ghlacadh. Tá an t-airgead sin calctha ar feitheamh ordú eile a fháil ón gcúirt.

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Siriwan Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2014/12/CAB

Sa bhliain 2014, thionscain an Biúró imeachtaí in aghaidh Jittisopa Siriwan Uas., ar iníon le Juthamas Siriwan Uas., iar-Ghobharnóir ar Údarás Turasóireachta na Téalainne (TAT), í. Is ionann TAT agus gníomhaireacht rialtais sa Téalainn ar a bhfuil freagracht as conarthaí a riar agus a chistiú chun turasóireacht a chur chun cinn, lena n-áirítear Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhancác a reáchtáiltear gach bliain, ach gan a bheith teoranta di.

Ag gníomhú di ina cáil mar Ghobharnóir ar TAT, bhí sé d'údarás ag Juthamas Siriwan roghnú agus ceadú a dhéanamh ar ghnólachtaí a sholáthródh earraí agus seirbhísí do TAT. Bhí sé d'údarás aici luach aon chonarthaí a rachadh TAT isteach iontu a cheadú freisin.

Saoránaigh de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá is ea Graham Green agus Patricia Green, a bhean chéile. Rialaíonn siad roinnt gnólachtaí a bhaineann le scannáin in Beverly Hills, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Líomhain an Biúró gur íoc muintir Green breabanna éillitheacha le Juthamas Siriwan. Fuarthas muintir Green ciontach i Stáit Aontaithe Mheiriceá ansin i roinnt cionta a bhain le breabaireacht. Rinne an Coimisiún Náisiúnta Frith-Éillithe sa Téalainn imscrúdú ar ghníomhaíochtaí Juthamas Siriwan ansin. Fuair an Coimisiún amach gur íocadh breabanna trí chuntais éagsúla bhainc a bhí á sealbhú ag Jittisopa Siriwan i Singeapór, i nGeirsí agus i Sasana. Agus leas á bhaint aige as taifid bhainc, fuarthas amach freisin go ndearnadh roinnt den airgead sin, arbh fhiú thart ar €250,000 é, a aistriú ina dhiaidh sin ó HSBC (UK) chuig polasaí a bhí ag Jittisopa Siriwan le HSBC i mBaile Átha Cliath.

Cé gur seirbheáladh páipéir ar Jittisopa Siriwan sa Téalainn, roghnaigh sí gan freastal ar an éisteacht iomlán faoi Alt 3. Nuair a éisteadh an t-ábhar i mí an Mhárta 2015, rinneadh an Ard-Chúirt a shásamh gur dhóigh gurbh ionann an t-airgead lena mbaineann agus na fáltais ó iompar coiriúil.

Líomhain an Biúró gur ghlac an Gobharnóir Siriwan le breabanna ó chuideachtaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtaca le Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhancác.

Measann an Biúró gur ábhar an-tromchúiseach í iarracht ar fháltais ó iompar coiriúil eachtrach a sciúradh. Mar sin, creideann sé gurb an-suntasach atá an dá chás thuasluaite maidir leis an bhfreagairt a thugann Éire d'éilliú eachtrach idirnáisiúnta.

Alt 3(3)

Foráiltear in Alt 3(3) den Acht um FC go bhféadfar iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt an t-ordú a athrú nó a scaoileadh i gcásanna ina bhfuil ordú Alt 3(1) i bhfeidhm. Maidir le cás ar thionscain an Biúró é, féadfaidh an Freagróir nó aon duine eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin an t-iarratas sin a dhéanamh. Cé go bpléitear in Alt 3(3) go príomha le hiarratas a bheith á thabhairt ag Freagróir i gcás, foráiltear ann freisin go bhféadfaidh íospartaigh choireachta iarratas a dhéanamh ar fhilleadh na maoine atá calctha ar an gcoinníoll gur féidir leo leas dílseánaigh a thaispeáint sa mhaoin sin.

Foráiltear in Alt 3(3) freisin go bhféadfaidh duine éileamh a dhéanamh i dtaca le sócmhainn a ndearnadh ordú Alt 3(1) ina leith. Sa chás sin, féadfaidh an duine sin a iarraidh go ndéanfaí an t-ordú calctha a athrú nó a scaoileadh sa chás gur féidir a thaispeáint chun sástacht na cúirte nach fáltais ó iompar coiriúil í an tsócmhainn atá i gceist. Ní dhearnadh aon ordú faoi Alt 3(3) den Acht um FC le linn na bliana 2015.

Miondealú Geografach

Is é sainchúram an Bhiúró ná fáltais ó chásanna coireachta a imscrúdú beag beann ar láthair na sócmhainní sin.

Le linn na bliana 2015, fuair an Biúró orduithe a bhain le sócmhainní arbh fháltais ó choireacht iad i ngach ceann de na mórcheantair uirbeacha, i bpobail tuaithe agus i ndlínsí eachtracha.

Go háirithe, chuir an Biúró tús le cásanna a bhain le sócmhainní a bhí lonnaithe sa dlínse seo agus a saothraíodh de bharr éilliú eachtrach. Aistríodh na sócmhainní airgeadais lena mbaineann go hÉirinn d'fhonn bunús agus fíorchineál na gcistí a sciúradh agus a cheilt.

Tá rún daingean ag an mBiúró go fóill díriú go gníomhach, agus a mhéid is féidir faoin Acht um FC, ar shócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil, is cuma cén áit a bhfuil siad suite.

Maoin

Rinneadh tagairt i dtuarascálacha roimhe seo don tionchar a imríonn luachanna maoine atá ag titim ar mhaoin is fáltais ó choireacht a dhiúscairt. Níor tháinig aon athrú ar an scéal sin le linn na bliana 2015.

Mar gheall ar na haidhmeanna agus ar na cuspóirí reachtúla atá aige, tá sé de dhualgas ar an mBiúró gníomh cuí a dhéanamh chun cosc a chur ar dhaoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach tairbhe a bhaint as coireacht den sórt sin.

I gcásanna ina léirítear gur fáltais ó iompar coiriúil atá sa mhaoin, áirítear leis an bhforáil reachtúil trína bhféadfar úsáid na maoine sin a dhiúltú do dhuine a bhaineann tairbhe as na fáltais sin, áirítear léi gur cheart an mhaoin a dhídhílsiú ón duine.

Mar chuid den bheartas sin, is féidir go mbeidh ar an mBiúró maoine a shaothrú, fiú amháin i gcásanna ina bhfuil an mhaoin fós i gcothromas diúltach.

Is é is aidhm don bheartas sin a chinntiú nach mbeidh daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach in ann fanacht sa mhaoin agus, ar an mbealach sin, nach mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as na fáltais ó choireacht.

Feithiclí

Leanann an Biúró le tabhairt faoi deara an spéis i bhfeithiclí ardluacha a bhíonn ag daoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach. Mar sin féin, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí sa raon láir le linn na bliana 2015. Rinneadh amhlaidh, i bpáirt, chun freagairt don iarracht a bhíonn á déanamh ag daoine a bhíonn páirteach in iompar coiriúil feithiclí lena mbaineann luach níos ísle a cheannach d'fhonn brath a sheachaint.

Bhí siad seo a leanas i measc na gcineálacha feithiclí ar urghabh an Biúró iad faoi Alt 2(1) den Acht um FC le linn na bliana 2015:

1. Mercedes Benz E250;
2. Volkswagen Golf TDI;
3. Volkswagen Golf; agus
4. Volkswagen Passat TDI.

Faoi Alt 3(1) den Acht um FC, fuair an Biúró orduithe in aghaidh trí fheithicil, ba iad sin:

1. Mercedes Benz E250;
2. Volkswagen Golf
3. Volkswagen Passat TDI

Alt 4(1) agus Alt 4A

Foráiltear in Alt 4(1) do mhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann an tAlt sin le sócmhainní atá measta, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, a bheith mar thoradh ar iompar coiriúil agus nach bhfuil aon éileamh bailí déanta ina leith faoi Alt 3(3) den Acht um FC.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

Foráiltear in Alt 4A go bhféadfaidh an Freagróir i gcás de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ordú toilithe diúscartha a dhéanamh, rud lena gceadófar aistriú na maoine chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse atá níos lú ná seacht mbliana. Tugadh é sin isteach in Acht um FC 2005.

Tugadh aon chás déag chun críche ina n-iomláine agus tugadh cás amháin (lenar bhain roinnt Freagróirí) chun críche i bpáirt faoi Alt 4(1) agus faoi Alt 4A sa bhliain 2015.

Luach na sócmhainnía calcadh faoi Alt 4(1) agus faoi Alt 4A



Le linn na bliana 2015, aistríodh €1,642,962.29 san iomlán chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um FC de bharr dhiúscairtí Alt 4(1) agus Alt 4A.

Is airde i bhfad an figiúr sin ná an figiúr don bhliain 2014 agus is gá an méadú sin a mhíniú anseo dá bharr.

Den chuid is mó, is féidir an méid sin a chur i leith dhá thoisc. Is iad sin, na leasuithe a tugadh isteach san Acht um FC agus an ceanglas atá ann maidir le moratóir seacht mbliana a chur i bhfeidhm i ndáil le maoin atá faoi réir an Achta um FC a dhiúscairt. Tugadh orduithe toilithe diúscartha Alt 4A isteach san Acht um FC. A bhuí leis na horduithe sin, agus le dul in éag na tréimhse reachtúla calctha seacht mbliana, bhíothas in ann méid suntasach oibre a dhéanamh idir na blianta 2008 agus 2015. Dá réir sin, b'ionann na ceithre chás a tugadh chun críche sa bhliain 2015 agus na cásanna sin a rabhthas in ann toiliú a fháil ina leith faoi Alt 4A, rud a ghiorraigh an tréimhse reachtúil seacht mbliana.

Mar an gcéanna, bíonn gá ann ina lán cásanna ina réitítear imeachtaí le méideanna socraíochta a chionroinnt chun freastal ar íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a éilíodh go míchuí nó ar Dhliteanais Chánach gan íoc. Cé go gcuirtear iad ar aghaidh ina n-iomláine chuig cistí Státchiste, déileáiltear ar leithligh leis na cistí a chionroinntear ar an mbealach sin chun críocha taifeadta agus laghdaítear na méideanna a ghabhtar faoi Alt 4(1) nó faoi Alt 4A dá bharr sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ngabhann imeachtaí costasacha Ard-Chúirte le gníomh den sórt sin, agus iad ag cruthú costais dhlíthiúla don Bhiúró agus ag cruthú costas don Stát i bhfoirm íocaíochtaí faoin scéim um Chúnamh Dlíthiúil.

Miondealú maidir le Cásanna Alt 4(1) agus Alt 4A

Cineál	Líon na gCásanna	€
Alt 4(1)	9	1,352,153.02
Alt 4A	4	290,809.27
Iomlán	**13**	**1,642,962.29**

Alt 6

Foráiltear in Alt 6 go bhféadfaidh an chúirt, le linn na tréimhse ina bhfuil ordú Alt 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm, ordú a dhéanamh an t-ordú a athrú ar mhaithe leis an bhFreagróir nó le haon pháirtí eile a chumasú:

1. caiteachais mhaireachtála réasúnacha nó caiteachais riachtanacha eile a scaoileadh; nó

2. gnó, trádáil, gairm nó slí bheatha eile lena mbaineann aon chuid den mhaoin a sheoladh.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2005

Ní dhearnadh aon orduithe den sórt sin le linn na bliana 2015.



I gcomparáid leis sin, rinneadh dhá ordú den sórt sin sa bhliain 2014. Leis na horduithe sin, rinneadh difear d'ocht sócmhainn dhifriúla dar luach iomlán €43,812.45 in dhá chás dhifriúla a bhain le beirt Fhreagróirí difriúla.

Alt 7

Foráiltear in Alt 7 go bhféadfaidh an Chúirt Glacadóir a cheapadh, a n-áirítear leis na dualgais atá air luach na maoine a chaomhnú nó an mhaoin a dhiúscairt sa chás go bhfuil an mhaoin sin calctha cheana féin faoi Orduithe Alt 2 nó Alt 3.

Sa bhliain 2015, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta i ndáil le haon sócmhainn is fiche. Ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an Glacadóir ar cheap an Chúirt é i ngach cás. Ba é a bhí i gceist leis na cásanna sin ná ionaid réadmhaoine, airgead, airgead i gcuntais bhainc, mótarfheithiclí, uaireadóir agus Bitcoin. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh sealbhú agus díol ag an nGlacadóir. Ní fhéadfar ordú glacadóireachta a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil ordú Alt 2 nó ordú Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2005

Ráiteas faoi Chuntais Ghlacadóireachta

	Méid €	STG£	US$
Iarmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta 01/01/2015	6,681,956.88	283,636.99	6,927,508.87
Méideanna a réadaíodh, agus ús agus airleacain oibriúcháin ar áireamh iontu	6,789,653.15	201,564.80	1,773.71
Íocaíochtaí amach, agus íocaíochtaí leis an Státchiste agus caiteachas glacadóireachta oibriúcháin ar áireamh iontu	1,706,416.58	14,247.56	6,277,522.98
Iarmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta 31/12/2015	11,765,193.45	470,954.23	651,759.60

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Forbhreathnú

Is é an ról atá ag na hOifigigh Ioncaim a bhfuil baint acu leis an mBiúró ná dualgais a chomhlíonadh de réir na nAchtanna agus na Rialachán Ioncaim go léir chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó choireacht nó ó choireacht amhrasta. Is é atá i gceist leis sin an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú ó ghníomhaireachtaí de chuid an Bhiúró agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Is é an reachtaíocht phríomhúil a úsáidtear ina leith sin an tAcht um Nochtadh Faisnéise Áirithe chun críocha Cánach agus Eile, 1996.

Feidhmeanna Cánach

Is é seo a leanas an fhaisnéis is déanaí ar na cásanna cánach ar cuireadh tús leo roimh an mbliain 2015. Tugtar mionsonraí anseo freisin ar stádas reatha na gcásanna ar cuireadh tús leo le linn na bliana 2015.

Measúnuithe Cánach

Tugtar de chumhacht d'Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh i leith cánach faoi Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear ACC 1997 anseo feasta) - an chuid a bhaineann le muirir.

Mar chuid de gach imscrúdú ón mBiúró, déanfaidh Oifigeach Ioncaim de chuid an Bhiúró imscrúdú ar staid chánach gach duine atá nasctha leis an imscrúdú lena mbaineann d'fhonn dliteanas cánach na ndaoine sin a mheasúnú, nuair is cuí. Ní ionann méid agus castacht do gach imscrúdú.

Le linn na bliana 2015, rinneadh measúnú cánach ar shé dhuine aonair is fiche san iomlán agus cinneadh ina dhiaidh sin go raibh figiúr iomlán €6.28m dlite de na daoine sin faoi na ceannteidil éagsúla chánach.

Achomhairc Chánach

Déanann Oifigigh Ioncaim an Bhiúró bainistiú ar achomhairc chánach freisin, agus iad ag cinntiú go gcuirtear an próiseas achomhairc chun feidhme ina iomláine de réir na nAchtanna Ioncaim agus na Nósanna Imeachta agus Rialachán is infheidhme i leith cásanna den sórt sin. Baineann an méid sin le gach cineál achomhairc dá bhforáiltear, lena n-áirítear achomhairc os comhair Coimisinéir Achomhairc, na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte i bhfoirm cáis shonraithe.

Reachtaíocht

De réir Alt 933(1)(a) de ACC 1997, beidh aon duine a bhfuil measúnú cánach á dhéanamh air i dteideal, faoi réir ceanglais shonracha, achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Achomhairc maidir le haon mheasúnú den sórt sin.

Sa chás nach n-agrófar achomhairc i gceart, diúltófar don iarratas ar a leithéid achomhairc de réir Alt 933(1)(b) de ACC 1997. Sa chás gur diúltaíodh d'iarratas, féadfaidh an t-achomharcóir achomharc in aghaidh an diúltaithe sin a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Ina theannta sin, sa chás nach dtabharfar achomharc bailí laistigh den tréimhse ama a shonraítear in Alt 933(1) de ACC 1997, féadfaidh an duine aonair, de réir Alt 933(7)(a) de ACC 1997 iarratas a dhéanamh go nglacfaí achomharc isteach ar an bhforas nach raibh sé / sí in ann achomharc tráthúil a dhéanamh de dheasca neamhláithreachta, breoiteachta nó aon chúise réasúnaí eile. Sa chás go ndiúltóidh an Cigire d'achomharc den sórt sin, féadfaidh an t-iarratasóir, de réir Alt 933(7)(c) de ACC 1997, a iarraidh ar an gCigire an t-iarratas a tharchur chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc lena bhreithniú.

Achomhairc chuig na Coimisinéirí Achomhairc

Achomhairc a Glacadh Isteach:
Amhail 1 Eanáir 2015, bhí achomhairc i ndáil le dháréag ar feitheamh os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc. Bhí ceann amháin de na cásanna liostaithe dá éisteacht le linn na bliana. Tarraingíodh na hachomhairc siar i ndáil le dhá chás.

Maidir leis an achomharc a éisteadh, dheimhnigh an Coimisinéir na Measúnuithe Cánach Ioncaim mar a rinne an Cigire iad. Chuir an t-achomharcóir in iúl go raibh sé míshásta leis an gcinneadh ón gCoimisinéir agus chuir sé achomharc bailí faoi bhráid na Cúirte Cuarda ina dhiaidh sin.

Le linn na bliana 2015, rinneadh achomhairc a agairt i gceart i ndáil le naoi gcás. Ba iad a bhí i gceist leo sin ná ocht measúnú is tríocha i ndáil le Cáin Ioncaim, deich measúnú i ndáil le Cáin Bhreisluacha, measúnú amháin i ndáil le Dleachtanna Máil agus ceithre mheasúnú i ndáil le Cáin Fáltas Caipitiúil. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí dáta éisteachta ar feitheamh i ndáil leis na seacht gcás déag eile.

De bharr an toraidh ar Chás Uimh. 9 (atá luaite thíos), bhí ábhar substainteach an achomhairc sin ar feitheamh éisteachta os comhair an Choimisinéara Achomhairc amhail an 31 Nollaig 2015 freisin.

Achomhairc ar Diúltaíodh Dóibh:
Amhail 1 Eanáir 2015, bhí achomhairc i ndáil le dhá chás ar feitheamh os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc. Bhí ceann amháin de na cásanna sin liostaithe dá éisteacht le linn na bliana. Sheas na Coimisinéirí Achomhairc leis an gcinneadh ón gCigire diúltú don achomharc. Rinne an t-achomharcóir iarratas ina dhiaidh sin go n-éistfí an t-ábhar os comhair na Cúirte Cuarda. Bhíothas fós ag feitheamh le dáta don éisteacht sin ag an 31 Nollaig 2015.

Dhiúltaigh an Cigire d'achomhairc ó ochtar le linn na bliana 2015. Bhain beirt leas as an gceart atá acu de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997, agus achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCigire á dhéanamh acu chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.

Rinneadh achomhairc eile chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc le linn na bliana 2015 freisin. Bhain achomharc amháin le cás inar dhiúltaigh an Cigire d'achomharc a taisceadh i mí na Nollag 2014 a ghlacadh isteach. Bhain an t-achomharc eile le cás inar dhiúltaigh an Cigire d'achomharc déanach a ghlacadh isteach.

Tá sonraí faoi na cásanna sin tugtha thíos:

Cás 1: Diúltaíodh don achomharc in aghaidh shé cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim faoi Alt 933(1)(b) de ACC 1997 ar an bhforas nár comhlíonadh na ceanglais atá leagtha amach in Alt 957(2)(a) agus in Alt 957(4) de ACC 1997.

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCigire chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 2: Diúltaíodh don achomharc in aghaidh trí cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim faoi Alt 933(1)(b) de ACC 1997 ar an bhforas nár comhlíonadh na ceanglais atá leagtha amach in Alt 957(2)(a) agus in Alt 957(4) de ACC 1997.

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCigire chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhíothas ag feitheamh le dáta d'éisteacht an achomhairc sin.

Cás 3: Diúltaíodh don achomharc in aghaidh trí cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim faoi Alt 933(1)(b) de ACC 1997 ar an bhforas nár comhlíonadh na ceanglais atá leagtha amach in Alt 957(2)(a) de ACC 1997.

Sa chás seo, níor bhain an t-achomharcóir leas as an gceart atá aige achomharc a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 4: Sa chás seo, diúltaíodh do na hachomhairc a rinneadh in aghaidh ceithre cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim agus in aghaidh cúig cinn de Mheasúnuithe Cánach Breisluacha. Diúltaíodh do na hachomhairc ar an bhforas nár comhlíonadh ceanglais Alt 957(2) de ACC 1997.

Sa chás seo, níor bhain an t-achomharcóir leas as an gceart atá aige achomharc a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 5: Sa chás seo, rinne an duine aonair lena mbaineann achomharc in aghaidh cúig cinn de Mheasúnuithe Cánach Breisluacha. Dhiúltaigh an Cigire don achomharc ar an bhforas nár comhlíonadh na coinníollacha mar atá sonraithe in Alt 957(2) de ACC

1997.

Sa chás seo, níor bhain an t-achomharcóir leas as an gceart atá aige achomharc a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 6: Sa chás seo, rinne an duine aonair lena mbaineann achomharc in aghaidh cúig cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim. Dhiúltaigh an Cigire don achomharc ar an bhforas nár comhlíonadh na coinníollacha mar atá sonraithe in Alt 957(2) de ACC 1997.

Sa chás seo, níor bhain an t-achomharcóir leas as an gceart atá aige achomharc a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 7: Sa chás seo, rinne an duine aonair lena mbaineann achomharc in aghaidh cúig cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim. Dhiúltaigh an Cigire don achomharc ar an bhforas nár comhlíonadh na coinníollacha mar atá sonraithe in Alt 957(2) de ACC 1997.

Sa chás seo, níor bhain an t-achomharcóir leas as an gceart atá aige achomharc a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 8: Sa chás seo, rinne an duine aonair lena mbaineann achomharc in aghaidh trí cinn de Mheasúnuithe Cánach Ioncaim. Dhiúltaigh an Cigire don achomharc ar an bhforas nár comhlíonadh na coinníollacha mar atá sonraithe in Alt 957(2) de ACC 1997.

Sa chás seo, níor bhain an t-achomharcóir leas as an gceart atá aige achomharc a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Cás 9: Diúltaíodh d'achomharc i ndáil leis an gcás seo go déanach i mí na Nollag 2014. I mí Eanáir 2015, rinne an duine aonair lena mbaineann achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCigire chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997. D'éist an Coimisinéir Achomhairc an t-achomharc sin le linn na bliana 2015. Sheas sé leis an gcinneadh ón gCigire.

Ina dhiaidh sin, rinne an duine aonair lena mbaineann iarratas déanach ar achomharc de réir Alt 933(7)(a). Diúltaíodh don iarratas sin de réir Alt 933(7)(b). Rinneadh achomharc in aghaidh an diúltaithe sin chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(7)(c) de ACC 1997. D'éist an Coimisinéir Achomhairc an t-achomharc sin le linn na bliana 2015. Thug sé breithiúnas i bhfabhar an achomharcóra.

Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda

Bhí cás amháin ag feitheamh lena éisteacht os comhair na Cúirte Cuarda amhail an 1 Eanáir 2015. Le linn na bliana 2015, rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCoimisinéir Achomhairc measúnuithe a dheimhniú i gcás amháin agus in aghaidh an chinnidh ón gCoimisinéir Achomhairc seasamh le diúltú ón gCigire d'achomharc a ghlacadh isteach i gcás eile. Ba chuig an gCúirt Chuarda a rinneadh an dá achomharc sin.

Thionscain an Chúirt Chuarda an éisteacht i ndáil le ceann amháin de na cásanna sin le linn na bliana. Níor tugadh an éisteacht sin chun críche sa bhliain, áfach, agus bhíothas fós ag feitheamh le dáta don dara héisteacht amhail an 31 Nollaig 2015.

Nithe a Bailíodh

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a bhailiú, faoi mar a measúnaíodh iad agus mar atá cinntitheach. Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus bainfidh siad leas as gach modh is féidir chun fiachais chánach a shaothrú. Tá na nithe seo a leanas i measc na modhanna atá ann chun airgead a bhailiú:

- éilimh a eisiúint – Alt 961 de ACC 1997;
- cumhacht astaithe – Alt 1002 de ACC 1997;
- Gníomh sirriam – Alt 960(L) de ACC 1997; agus
- Imeachtaí Ard-Chúirte – Alt 960(I) de ACC 1997.

Nithe a Aisghabhadh:

B'ionann agus €2.038m an cháin iomlán ar aisghabh an Biúró í ó thrí cinn is daichead de dhaoine aonair agus d'aonáin le linn na bliana 2015. Áirítear leis an bhfigiúr sin méid €166k a bailíodh trí astuithe tuillimh a úsáid in ocht gcás de bhun Alt 1002 de ACC 1997.

Éilimh:

Le linn na bliana 2015, b'ionann agus €6.691m (ús san áireamh) na héilimh chánach a seirbheáladh ar dhá cheann is fiche de dhaoine aonair agus d'aonáin de réir Alt 961 de ACC 1997.

Gníomhartha Sirriam:

Saothraíodh íocaíocht i sé cinn de na cásanna sin trí Alt 960(L) de ACC 1997 (Cumhachtaí Sirriam) a fheidhmiú.

An Chúirt Chuarda:

Tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Chuarda i ndáil le cás amháin dar luach €50k.

An Ard-Chúirt:

Tionscnaíodh imeachtaí san Ard-Chúirt i

ndáil le cúig chás déag chun cáin agus ús dar luach €7.949m a aisghabháil.

Breithiúnais:
Fuarthas Breithiúnais ón Ard-Chúirt in aghaidh dháréag a bhain le dliteanais chánach dar luach iomlán €8.328m.

Ionchúisimh

Pascal Kelly
Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar a ghnóthaí cánach, gabhadh an tUas. Kelly sa bhliain 2010 mar gheall ar dhrochamhras go ndearna sé cionta cánach – ba iad sin , mainneachtain tuairisceáin chánach a chomhdú i dtaca leis na blianta 2004 go 2008, agus an dá bhliain sin san áireamh, agus tuairisceán mícheart cánach a chomhdú i dtaca leis an mbliain 2003. Cuireadh comhad ar an ábhar ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) ansin agus, i mí an Mhárta 2011, fuarthas treoir ó SIP an tUas. Kelly a chúiseamh sna cionta amhrasta.

Cúisíodh an tUas. Kelly i gCionta Ioncaim ansin agus eisíodh barántais ón gCúirt Chuarda ina leith. Tar éis dó teacht os comhair na Cúirte Cuarda, phléadáil an tUas. Kelly ciontach i ngach cúiseamh agus cuireadh téarma príosúnachta dhá bhliain go leith air. Tá an téarma sin á chur isteach aige faoi láthair.

Thomas Murphy
Tar éis imscrúdú fada grinn a dhéanamh ar ghnóthaí gnó an Uas. Murphy, thionscain an Biúró imeachtaí coiriúla ina aghaidh. Cúisíodh an tUas. Murphy i naoi scór de mhainneachtain tuairisceáin chánach a chur isteach do na blianta 1995 go 2004, agus an dá bhliain sin san áireamh. Tar éis don Uas. Murphy agóidí dlíthiúla a dhéanamh in aghaidh na gcúiseamh thar thréimhse fhada, tháinig an cás os comhair an Bhreithimh Onóraigh Paul Butler, an Bhreithimh Onóraigh John O'Hagan agus an Bhreithimh Onóraigh Patricia Ryan sa Chúirt Chuarda Speisialta an 6 Deireadh Fómhair 2015. Mhair an triail dhá lá is tríocha agus, ag an deireadh, fuarthas an tUas. Murphy ciontach i ngach ceann de na scóir ar díotáil. Socraíodh an 12 Feabhra 2016 mar dháta éisteachta don phianbhreith.

Saothróidh an Biúró an fiachas cánach atá dlite den Uas. Murphy anois, rud ar fiú níos mó ná €5m é.

Feidhmeanna Custaim agus Máil

Tacaíonn na feidhmeanna Custaim agus Máil sa Bhiúró le gach imscrúdú trí aithint a dhéanamh ar aon saincheisteanna a bhaineann le Custam laistigh den raon leathan reachtaíochta, rialachán agus faisnéise atá ann maidir le cúrsaí Custam agus Máil.

Déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i ngach dlínse iarracht rialacháin Chustaim agus rialacháin Mháil araon a shárú ar mhaithe le brabús suntasach a dhéanamh, agus cistí á mbaint acu den státchiste agus ról diúltach á imirt acu ar an tsochaí i gcoitinne ag an am céanna. Is iad na feidhmeanna Custaim ag calafoirt agus ag aerfoirt go príomha a thacaíonn le himscrúduithe an Bhiúró ar na gnéithe trasdlínse den choireacht agus den bhrabús ó ghníomhaíocht choiriúil.

Faoi mar atá an scéal ina lán tíortha eile, is dreasacht do ghrúpaí coireachta eagraithe tromchúisí dul i mbun gníomhaíochtaí smuigleála agus gníomhaíochtaí gaolmhara í an teorainn talún atá ag Éirinn le dlínse eile ina bhfuil rátaí éagsúla cánach ar tháirgí éagsúla. Cailleann an státchiste méid mór airgid agus baineann na grúpaí coireachta gnóthachan suntasach mar thoradh ar na cineálacha coireachta sin.

Sa bhliain 2015, lean an Biúró le diúltú do cheadúnais a bhaineann leis an trádáil aindleathach ar olaí mianra mar mhodh chun cur isteach ar ghníomhaíocht choiriúil. Mar an gcéanna, agus maidir leis an údarú cánach cláraithe feithicle a deonaíodh do dhíoltóirí carranna (Alt 136 den Acht Airgeadais, 1992), rinne an Biúró faireachán agus athbhreithniú ar an údarú a tugadh agus dhiúltaigh sé don údarú sin i gcásanna ina ndearna grúpaí coireachta eagraithe iarracht insíothlú isteach ar thrádáil dhlisteanach agus dochar a dhéanamh dó, rud a d'fhéadfadh caillteanas cánach cláraithe feithicle a chruthú don státchiste. Mar aon le faireachán a dhéanamh ar na gnéithe cánach cláraithe feithicle den mhargadh carranna, lean an Biúró ar aghaidh le feithiclí luachmhara a bhaint de dhaoine aonair sonracha sa chás go raibh sealbhú na bhfeithiclí sin contrártha do na rialacháin chánach cláraithe feithicle (Alt 141 den Acht Airgeadais, 2001).

Chun comhrac in aghaidh dronga coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha, is gá comhar a bheith ann idir na húdaráis inniúla ar an dá thaobh den teorainn. Ní bhaineann an comhar sin le comhroinnt faisnéise amháin, agus áirítear leis comhoibríochtaí sonracha a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhonn ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach idirnáisiúnta. I gcásanna den sórt sin, baineann an Biúró leas as gach gné den reachtaíocht um chúnamh frithpháirteach, bíodh an cúnamh sin ar bun idir feidhm Custaim amháin agus feidhm Custaim eile nó idir seirbhís Póilíneachta amháin agus seirbhís Póilíneachta eile.

Tapaíonn na hOifigigh Chustaim a bhfuil baint acu leis an mBiúró gach deis chun idirchaidreamh a dhéanamh agus oibriú lena gcuid comhghleacaithe i seirbhísí eile Custaim ar bhonn idirnáisiúnta ar mhaithe le feabhas a chur ar a éifeachtaí atá siad in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe. Mar an gcéanna, oibríonn an Biúró go dlúth le Seirbhís Custaim Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar mhaithe le hacmhainní uile an Stáit a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla maidir le dul i ngleic le coirpigh.

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim an Bhiúró

Táblaí ioncaim

Tábla 1: Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

Cur síos	Líon na gcásanna
Achomhairc Thosaigh	12
Achomhairc a agraíodh i gceart	9
Achomhairc a chinn an Coimisinéir Achomhairc	1
D'aisiompaigh an Coimisinéir Achomhairc an cinneadh ón mBiúró diúltú d'achomharc déanach a ghlacadh isteach	1
Achomhairc a tarraingíodh siar	2
Achomhairc Dheiridh	19

Tábla 2: Toradh na nAchomharc ar dhiúltaigh an Biúró dóibh

Cur síos	Líon na gcásanna
Achomhairc Thosaigh	2
Achomhairc ar diúltaíodh dóibh	8
Achomhairc dhéanacha ar diúltaíodh dóibh	1
Diúltuithe a achomharcadh chuig na Coimisinéirí Achomhairc	4
Seasadh leis an gcinneadh ón mBiúró	2
Aisiompaíodh an cinneadh ón mBiúró	1
Achomhairc Dheiridh	3

Tábla 3: Torthaí na nAchomharc chuig an gCúirt Chuarda

Cur síos	Líon na gcásanna
Achomhairc Thosaigh	1
Cásanna a achomharcadh chuig an gCúirt Chuarda	2
Achomhairc a chinn an Chúirt Chuarda	0
Achomhairc Dheiridh	3

Tábla 4: Measúnuithe Cánach

Ceannteideal Cánach	Cáin €M	Líon na measúnuithe
Cáin Ioncaim	4.655	138
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.037	1
Cáin Bhreisluacha	0.678	28
Cáin Fáltas Caipitiúil	0.206	4
ÁSPC / ÍMAT	0.431	1
Mál	0.273	1
Iomlán	**6.280**	**173**

Tábla 5: Cáin agus Ús a Bailíodh

Ceannteideal Cánach	Méid €M	Líon na gcásanna
Cáin Ioncaim	1.520	38
Cáin Bhreisluacha	0.361	4
Cáin Cláraithe Feithicle (CCF)	0.051	1
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.106	2
Iomlán	**2.038**	**45**

Tábla 6: Cáin agus Ús a éilíodh

Ceannteideal Cánach	Cáin €M	Ús €M	Iomlán €M	Líon na gcásanna
Cáin Ioncaim	3.226	2.025	5.251	16
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.215	0.106	0.321	1
Cáin Bhreisluacha	0.869	0.250	1.119	5
Iomlán	**4.310**	**2.381**	**6.691**	**22**

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim an Bhiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d’aon ghnó]

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Forbhreathnú

Téann an Biúró i mbun gníomhaíochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, de bhun na bhfeidhmeanna atá aige faoi Alt 5 den Acht. Déanann Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró teidlíocht i leith íocaíochtaí leasa shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh. Ag eascairt as scrúdú a rinne Oifigigh an Bhiúró ar chásanna, tionscnaíodh gníomhartha de bhun shainchúram Leasa Shóisialaigh an Bhiúró i dtaca le ceithre dhuine is seachtó sa bhliain 2015.

Coigilteas

Mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró sa bhliain 2015, cuireadh deireadh le híocaíochtaí nó laghdaíodh íocaíochtaí i gcás líon suntasach daoine. Is é an toradh a bhí ar na gníomhartha sin ná coigilteas iomlán €483,121.40 don státchiste. Is iad seo a leanas na ceannteidil éagsúla faoinar baineadh an coigilteas sin amach:

Coigilteas Leasa Shóisialaigh

Cineál scéime	Coigilteas €
Liúntas cúramóra	39,535.20
Liúntas míchumais	194,180.80
Liúntas cuardaitheora poist	50,208.00
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	167,472.40
∗ Bunliúntas leasa forlíontach	31,725.00
Iomlán	**483,121.40**

∗ Le Bunliúntas Leasa Shóisialaigh (ar a dtugtar BASI de ghnáth), soláthraítear bunliúntas seachtainiúil do dhaoine incháilithe atá ar bheagán ioncaim agus do dhaoine incháilithe gan dídean.

Ró-Íocaíochtaí

Rinneadh ró-íocaíochtaí agus daoine a aithint agus a mheasúnú mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh freisin. Sainmhínítear ró-íocaíocht mar íocaíocht a fuair duine le linn tréimhse nó tréimhsí nach raibh an duine sin i dteideal an íocaíocht sin a fháil inti nó iontu. Dá réir sin, cruthaíonn íocaíochtaí a fhaightear i leith an éilimh fiachas don Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air sin, eisíodh éilimh in aghaidh roinnt daoine le haghaidh aisíocaíocht fiachas Leasa Shóisialaigh a raibh luachanna idir €2,200 agus €265,278 ag baint leo. Is iad seo a leanas méideanna iomlána na Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a Measúnaíodh agus a Éilíodh don bhliain 2015;

Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Cineál scéime	Ró-íocaíocht €
Liúntas cúramóra	143,677.20
Liúntas míchumais	131,841.90
Liúntas cuardaitheora poist	524,987.65
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	249,166.47
Bunliúntas leasa forlíontach	136,313.67
Iomlán	**1,185,986.89**

Nithe a Aisghabhadh

Baineann an Biúró leas as roinnt modhanna chun fiachais Leasa Shóisialaigh a aisghabháil ó dhaoine.

I measc na modhanna sin, is féidir íocaíochtaí a dhéanamh trí chnapshuim agus/nó trí thráthchodanna i bhfoirm buanordaithe. Is féidir asbhaintí de suas le 15% d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh reatha an duine a dhéanamh chun fiachais a aisghabháil. Is foráil nua maidir le haisghabháil fiachais í sin agus achtaíodh í le hAlt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh 2012.

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Bhí ról lárnach ag an mBiúró maidir le cumhachtaí breise a thabhairt isteach chun fiachais leasa shóisialaigh a aisghabháil trí imeachtaí Fógra Astaithe. Foráiltear don chumhacht reachtach nua sin in Alt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.

Leas Sóisialach a Aisghabhadh

Cineál scéime	Méid a Aisghabhadh €
Liúntas cúramóra	55,122.00
Liúntas míchumais	30,737.17
Liúntas cuardaitheora poist	62,388.45
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	37,106.70
Iomlán	185,354.32

Achomhairc

Tá gníomhaireacht neamhspleách ann, ar a dtugtar an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (OALS), a chuireann seirbhís ar fáil do dhaoine nach bhfuil sásta le cinntí ó Oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ar cheisteanna a bhaineann leis an teidlíocht atá acu i leith íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh. Tá an ghníomhaireacht sin faoi cheannas ag Príomh-Oifigeach Achomhairc.

Sa bhliain 2015, tionscnaíodh dhá achomharc in aghaidh cinntí ó Oifigigh Leasa Shóisialaigh a raibh baint acu leis an mBiúró.

Dheimhnigh an Príomh-Oifigeach Achomhairc nach raibh an gnáthnós imeachta achomhairc leordhóthanach chun próiseáil éifeachtach na n-achomharc sin a chinntiú agus mhol sé do na hachomharcóirí na hachomhairc a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta.

Cuireadh achomharc i ndáil le ceann amháin de na cásanna faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta agus tá sé liostaithe dá éisteacht sa bhliain 2016. Maidir leis an gcás eile, rinneadh agóid in aghaidh an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a rinneadh ar an gcinneadh ón bPríomh-Oifigeach Achomhairc an t-ábhar a tharchur chuig an gCúirt Chuarda.

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

Réamhrá

Mar thoradh ar imscrúduithe a rinne an Biúró de bhun an tsainchúraim reachtúil atá air, thángthas ar fhianaise ar sháruithe amhrasta cionta coiriúla. Mar thoradh air sin, gabhadh roinnt daoine agus ullmhaíodh comhaid inar lorgaíodh orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (dá ngairtear "SIP" anseo feasta) agus tháinig roinnt ionchúisimh choiriúla chun cinn.

Bhí na cionta amhrasta a aithníodh contrártha d'Ailt faoi na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
- An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005.

Réitíodh roinnt cásanna ó bhlianta roimhe le linn na bliana 2015.

Is é seo a leanas an fhaisnéis is déanaí ar na cásanna sin.

Cionta a bhain le cáin

Cás 1

Sa bhliain 2015, tugadh cás chun críche i ndáil le duine a ciontaíodh roimhe sin i gcionta atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997 agus i gcion amháin atá contrártha d'Alt 13 den Acht, rud a bhain le heagla a chur ar Oifigeach de chuid an Bhiúró. Pléadh leis an gcás sin sna Tuarascálacha Bliantúla do na blianta 2013 agus 2014. Phléadáil an duine ciontach i ngach cúiseamh coiriúil.

I ndáil leis na cionta atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997, fuair sé téarma príosúnachta dhá bhliain go leith. I ndáil leis na cionta atá contrártha d'Alt 13 den Acht (bagairt a dhéanamh ar Oifigeach de chuid an Bhiúró), fuair sé téarma príosúnachta dhá bhliain go leith. Cuirfear an dá théarma isteach i gcomhthráth le chéile.

Cás 2

Mar a leagadh amach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2014, bhí cás amháin ón mbliain 2007 fós á shaothrú ag an mBiúró. Bhain an cás le duine a cúisíodh i gcionta atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997.

Éisteadh an cás sa Chúirt Choiriúil Speisialta sa bhliain 2015. Fuarthas an duine ciontach i naoi gcion atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997. Cuireadh an cás ar athló go dtí an bhliain 2016 le haghaidh pianbhreith a chur ar an duine.

Cuid a Sé
Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Seacht
Breithiúnais Shuntasacha Chúirte le linn 2015

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Niall O' Donoghue (nó Simon Gold mar is fearr aithne), Anglo Irish Global Ltd & Kurt Lauridsen

27 Deireadh Fómhair 2015, an Ard-Chúirt: an Breitheamh Onórach Fullam, Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2014/1/CAB, Neamhthuairiscithe

Fáltais ó choireacht – Na hAchtanna um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005 – Follasú – Catagóirí

Réamhrá

1. Sa rún a d'eisigh sé an 30 Eanáir 2015, d'iarr an freagróir (Niall O'Donoghue) follasú doiciméad chun críche iarratas ar ordú idirbhreitheach a chosaint de bhun alt 3 den Acht um Fháltais ó Choireacht. Baineann an mhaoin le hairgead atá á choimeád in dhá chuntas bainc:-

   i) Suim dar luach €927,000.60 atá á coimeád in uimhir chuntais XXXXXXXX i mBanc Uladh, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2, in ainm Anglo Irish Global Limited (AIG).

   ii) Suim dar luach €27,365.00 atá á coimeád in uimhir chuntais XXXXXXXX i mBainc-Aontas Éireann, an Uaimh, Contae na Mí, in ainm Niall O'Donoghue.

2 An 22 Deireadh Fómhair 2012, fuair an Biúró orduithe calctha sa Chúirt Dúiche de bhun alt 17(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 i dtaca le dhá chuntas bainc. Rinneadh orduithe alt 17(2) a athnuachan ar bhonn míosúil suas go dtí an uair a fuarthas ordú alt 2 an 17 Feabhra 2014.

Orduithe Alt 17(2)

3. Le linn cruinnithe le hoifigigh ó Bhanc Uladh i mBéal Feirste an 23 Deireadh Fómhair 2012, cuireadh in iúl don Uas. Simon Gold go ndearnadh na horduithe calctha. Taispeántar miontuairiscí an chruinnithe seo agus na doiciméid a bhaineann le trí chuntas de chuid Bhanc Uladh i dTuaisceart Éireann leis an mionnscríbhinn ón mBleachtaire-Gharda Deirdre Heneghan.

4. Ina theannta sin, mar atá le feiceáil sa mhionnscríbhinn ón gCeannfort Bleachtaireachta Eamon Keogh, cuireadh in iúl don Uas. Simon Gold agus do Anglo Irish Global Limited an 30 Deireadh Fómhair 2012 de réir alt 18(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 go ndearnadh ordú alt 17(2) de bhun alt 18(1) agus cuireadh in iúl dóibh go bhfuil ceart ag na daoine lena mbaineann chun iarratas a dhéanamh chuig Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche go ndéanfaí an t-ordú/an t-ordachán a chúlghairm nó a

athrú. Ina theannta sin, d'iarr an tUas. David O'Connor, aturnae atá lonnaithe sa tSráid Ard, Áth Trasna, Co. Chorcaí, cóip d'fhógra alt 18 á rá gur tugadh treoracha dó iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar chúlghairm an ordaithe.

5. Chuir an Ceannfort Bleachtaireachta Keogh cóip den ordú sin ar fáil don Uas. O'Connor le litir dar dáta an 1 Samhain 2012. Luadh san ordú gur dheimhin leis an mBreitheamh Dúiche:-

"(a) gurb amhlaidh go mbeadh seirbhís de chineál ar bith i dtaca le huimhir chuntais XXXXXXXX, dá leanfaí léi, cothrom le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta nó ina cuidiú leo, agus;

(b) gurb amhlaidh go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ar Niall O'Donoghue, nó Simon Gold mar is fearr aithne, maidir leis an sciúradh airgid nó an maoiniú sceimhlitheoireachta sin."

6. Mar fhreagairt dó sin, d'iarr an tUas. O'Connor cóip den fhaisnéis mar fhoras leis an ordú sin. Le litir dar dáta an 6 Samhain, chuir an Ceannfort Bleachtaireachta Eamon Keogh in iúl nach soláthrófaí faisnéis faoi mhionn seachas le hordú ón gcúirt agus gur tugadh breac-chuntas soiléir ar an gcúis leis an ordú i gcuid (b) den ordú, áit ar luadh gurb amhlaidh:-

"*go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ar dhuine, is é sin Niall O'Donoghue, Radharc na hEascrach, Baile an Bhealaigh, Dealbhna, Co. na hIarmhí, nó Simon Gold mar is fearr aithne, maidir leis an sciúradh airgid nó an maoiniú sceimhlitheoireachta sin*".

7. Ní dhearnadh aon iarratas ar chúlghairm ná athrú an ordaithe sula ndearnadh ordú eatramhach calctha alt 2 i mí Feabhra 2014.

Cúlra Fíorasach

8. An 15 Deireadh Fómhair agus an 19 Deireadh Fómhair 2012, rinne an Dr Bodo Baars, dlíodóir Gearmánach, dhá shuim dar luach €800,000.00 an ceann a thaisceadh sa chuntas sin le Banc Uladh. Ba le náisiúnach Sualannach darb ainm an tUas. Kurt Lauridsen an t-airgead. Chuir sé an t-airgead de chúram ar an Dr Baars chun infheistíocht a dhéanamh lena dtairgfí toradh 25% ar chaipiteal sa mhí ar feadh dhá mhí dhéag.

9. Ar iad a scrúdú, taispeánadh sna cuntais go ndearnadh aistarraingtí ón gcuntas sin le Banc Uladh agus go ndearnadh aistrithe ón gcuntas chuig eintitis atá bainteach leis an gcéad fhreagróir agus chuig an gcuntas le Bainc-Aontas Éireann san Uaimh, rud a d'fhág iarmhéid €927,000.60 sa chuntas le Banc Uladh agus €27,365.00 sa chuntas le Bainc-Aontas Éireann.

10. Chreid an tUas. Lauridsen go raibh an cuntas le Banc Uladh faoina rialú tríd an Dr Baars, an gníomhaire leis, agus gur chomhshínitheoirí iad an Dr Baars agus an tUas. O'Donoghue i dtaca le haistarraingtí ón gcuntas. Deir an Biúró, áfach, gurbh é an tUas. O'Donoghue an t-aon sínitheoir amháin ar an gcuntas le Banc Uladh. Ina theannta sin, deir sé go dtugtar le tuiscint in anailís a rinneadh gur baineadh úsáid as an gcuntas le Banc Uladh mar chainéal le haghaidh chuntas pearsanta an Uas. O'Donoghue san Uaimh.

11. Rinne an Biúró roinnt cuardach ar áitribh atá bainteach leis an Uas. O'Donoghue agus le AIG. Mar thoradh ar na cuardaigh sin, fuair an Biúró faisnéis airgeadais i riocht cruachóipe agus faisnéis a íoslódáladh ó ríomhairí a gabhadh le linn cuardach. De bhreis air sin, fuair an Biúró ráitis bhainc i dtaca le cuntais le Banc Uladh a bhí á choimeád i mBéal Feirste de bharr iarrataí Cúnaimh Fhrithpháirtigh a rinneadh ar na hÚdaráis sa Ríocht Aontaithe de bhun alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, arna ionadú ag alt 105G den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008.

12. Is leagtha amach sna mionnscríbhinní ó na hoifigigh éagsúla de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla atá na cuardaigh, na doiciméid agus na míreanna a gabhadh lena linn siúd. Luaitear san aighneacht ón mBiúró an 9 Márta:-

"níl ach cuid bheag den imscrúdú foriomlán i ngach a léirítear sna pléadálacha a comhdaíodh thar ceann an Iarratasóra".

13. Rinne an Biúró na cuardaigh seo a leanas:

22 Deireadh Fómhair 2012

14. Cuardach ar áitreabh gnó in Ionad an Taoibh Thiar, Léim an Bhradáin, de bhun alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, arna ionadú ag alt 6(1)(a) den Acht um Cheartas Coiriúil 2006. Bhí an t-áitreabh sin folamh agus níor gabhadh a dhath. Ar an dáta sin, rinneadh cuardach ar theaghais ar cíos, ba é sin baile Simon Gold, i Radharc na hEascrach, Baile an Bhealaigh, Dealbhna, Co. na hIarmhí. Bhí ríomhaire Lenovo i measc na míreanna a gabhadh. Tá na míreanna a gabhadh leagtha amach i gcodanna (a) go (n) de mhír 4 den mhionnscríbhinn ón mBleachtaire Thomas Bourke. Rinneadh an cuardach sin faoi alt 10 mar a luadh cheana.

26 Deireadh Fómhair 2012

15. Cuardach ar réadmhaoin

chónaithe atá lonnaithe in Druids Rest, Sliabh na nDraoithe, Béal Átha na gCearr, Co. Ros Comáin, ar le Simon Gold í roimhe sin. Tá na míreanna a gabhadh leagtha amach i mír 4 den mhionnscríbhinn ón Sáirsint Mick Byrne agus áiríodh ríomhaire Dell leo. Rinneadh an cuardach de bhun alt 10 mar a luadh cheana.

21 Bealtaine 2013

16. Rinneadh dhá chuardach bhreise faoi alt 14 den Acht.

a) Cuardach ar Windy Ridge, Cartún Chruaich, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, baile Emmet O'Donoghue, uncail le Niall O'Donoghue / Simon Gold. Tá an chuma air go léirítear sna doiciméid a gabhadh sa chuardach seo go bhfuil Niall O'Donoghue / Simon Gold nasctha leis an Elite Bank Group agus le Irish Nationwide Bank. Tá na doiciméid a gabhadh leagtha amach i mír 5 den mhionnscríbhinn ó Thomas O'Connor.

b) Cuardach ar 21 Carra Vale, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, baile Elaine Erskine, iarpháirtnéir le Niall O'Donoghue. Tá na trí mhír is fiche a gabhadh sa chuardach seo leagtha amach sa mhionnscríbhinn ón mBleachtaire-Sháirsint Andrew O'Brien agus baineann formhór na míreanna a gabhadh le Irish Nationwide Bank.

An Chonspóid maidir leis an bhFianaise

17. Na forais leis an tuairim láidir a bhí ag an mBiúró gurb ionann an t-airgead ar fad nó cuid de agus fáltais na coireachta, tá siad leagtha amach i mír 6 den mhionnscríbhinn ó Phríomhoifigeach an Bhiúró agus tá achoimre déanta orthu sna haighneachtaí a comhdaíodh thar a ceann ag 1.2 mar a leanas:-

(a) Úsáideann an chéad fhreagróir (Niall O'Donoghue) roinnt aitheantas (ainmneacha, seoltaí, seoltaí ríomhphoist agus suíomhanna Gréasáin) chun calaoisí éagsúla a dhéanamh.

(b) Tá an chéad fhreagróir ag nascadh le roinnt eintiteas a bhfuiltear in amhras go bhfuil gníomhaíochtaí calaoiseacha ar an aon fheidhm amháin atá acu agus atá ina n-ábhar do rabhaidh idirnáisiúnta arna dtabhairt ag gníomhaireachtaí rialála ar fud an domhain.

(c) Tá an chéad fhreagróir gafa in Éirinn agus i dtíortha thar lear le doiciméid chalaoiseacha, amhail ceadúnais tiomána, pasanna agus doiciméid bhaincéireachta, a tháirgeadh do chliaint i gcomaoin táille.

(d) Níor ghlac an dara freagróir (Anglo Irish Global Limited) páirt in idirbhearta dleathacha tráchtála ná i ngnáthidirbhearta tráchtála.

(e) Tá an bealach a aistríodh airgead isteach sna cuntais i gceist ag teacht le sciúradh airgid.

(f) D'oscail an chéad fhreagróir an cuntas le AIB trí dhoiciméid chalaoiseacha a úsáid.

(g) Bhain gadaíocht agus meabhlaireacht leis an líon ard ciontuithe roimhe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn atá ag an gcéad fhreagróir.

(h) Níl leibhéal na gcistí atá ar fáil don chéad fhreagróir ag teacht le taifid Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh.

(i) An infheistíocht líomhnaithe dar luach €1.6 milliún a rinne an tUas. Lauridsen ar théarmaí lenar áiríodh toradh 25% sa mhí ar an gcaipiteal ar feadh dhá mhí dhéag, níl sí ag teacht le gnáthchleachtas infheistíochta.

18. Conspóideann na freagróirí iarratas an Bhiúró ar an mbonn seo a leanas:-

(a) Tháinig an mhaoin chun cinn trí ghnáthchúrsa na mbeart gnó;

(b) rinneadh gach ceann de na bearta gnó agus na hidirbhearta den chineál sin de réir dhlí an Stáit;

(c) ní raibh baint ag an gcéad fhreagróir le calaoisí casta;

(d) tá an dara freagróir i mbun trádála agus taispeántar a chuntais;

(e) ní pasanna i ndáiríre iad na híomhánna ar an ríomhaire a ghabh an t-iarratasóir agus, anuas air sin, is amhlaidh nár ciontaíodh an chéad fhreagróir agus nach bhfuil aon imscrúdú coiriúil á dhéanamh air i dtaca le hionstraimí bréagacha a shealbhú;

(f) tá nó bhí struchtúir chorparáideacha chuí i ndlínsí éagsúla ag gach cuideachta ghaolmhar agus ní raibh siad ag sárú aon dlíthe sna dlínsí sin;

(g) níor ghlac an chéad fhreagróir páirt go feasach in aon drong choiriúil náisiúnta riamh agus cruthaíonn na hiarrachtaí go léir a rinne sé páipéarachas agus doiciméid díchill chuí a chomhlíonadh gurb amhlaidh atá;

(h) is é gnó na bhfreagróirí ná léasú nó ceannach infheistíochtaí bainc a idirbheartú;

(i) cistí dlisteanacha a bhí sna cistí sa chuntas le Banc Uladh;

(j) ba chun críocha úrnuachta a bhí na dréachtaí a raibh an Biúró ag brath orthu;

(k) bonn fíorúil Idirlín ba ea Irish Nationwide Bank.

Catagóirí Follasaithe a Iarradh

19. Liostaítear ocht gcatagóir doiciméad sa Rún, dhá cheann níos lú ná na deich gcatagóir doiciméad a iarradh ar dtús san iarraidh ar fhollasú deonach dar dáta an 16 Eanáir 2015. Mar a luadh, eisiaitear catagóirí 1 agus 2 dá dtagraítear sa litir ó aturnae an iarratasóra dar dáta an 16 Eanáir 2015 ó na catagóirí follasaithe a iarradh san fhógra tairisceana. Is iad sin:-

(i) Liosta de dhátaí agus sheoltaí na

gcuardach go léir a rinneadh in áitreabh ar bith atá ábhartha do na himeachtaí.

(ii) Cóipeanna den fhaisnéis forais, lenar áiríodh na barántais chuardaigh sin, le haghaidh na mbarántas cuardaigh go léir atá liostaithe i mír (i).

(iii) Liosta miondealaithe de na hábhair go léir a gabhadh mar thoradh ar na cuardaigh sin.

(iv) Cóipeanna de na hábhair dhoiciméadacha go léir a gabhadh ag áitreabh ar bith den sórt sin, seachas na hábhair a cuireadh ar fáil cheana féin i dtaca leis na cuardaigh.

(v) Liosta de na horduithe nó na barántais go léir a rinneadh chun rochtain a fháil ar aon chuntais in institiúidí airgeadais atá ábhartha do na himeachtaí, ar liosta é ina dtugtar na dátaí, na cuntais agus na hinstitiúidí.

(vi) Cóipeanna de na horduithe nó na barántais go léir lena dtugtar an rochtain sin dá dtagraítear i mír (v).

(vii) Cóipeanna den fhaisnéis forais le haghaidh na n-orduithe nó na mbarántas go léir den sórt sin dá dtagraítear i mír (v).

(viii) Cóipeanna den fhaisnéis airgeadais ar fad a cuireadh ar fáil de bhun aon orduithe nó bharántas den sórt sin.

Is féidir na hocht gcatagóir a achoimriú mar a leanas:

(a) Liosta de na cuardaigh go léir a rinneadh in áitreabh ar bith atá ábhartha do na himeachtaí.

(b) Liosta de na horduithe nó na barántais go léir a rinneadh chun rochtain a fháil ar aon chuntais in institiúidí airgeadais.

(c) Cóipeanna den fhaisnéis forais le haghaidh na mbarántas cuardaigh agus na n-orduithe rochtana go léir.

(d) Liosta de na hábhair ar fad a gabhadh mar thoradh ar na cuardaigh sin i dteannta na n-ábhar doiciméadach go léir a gabhadh ag áitreabh ar bith den sórt sin, seachas na hábhair a cuireadh ar fáil cheana féin.

(e) Cóipeanna den fhaisnéis airgeadais a cuireadh ar fáil de bhun aon orduithe nó bharántas den sórt sin.

20. Ba é an chúis phríomha le diúltú an Phríomh-Aturnae Stáit thar ceann an Bhiúró ná nach raibh an t-iarratasóir i dteideal barántas ná faisnéise mar nár chonspóid an t-iarratasóir "dosháraitheacht" ná dlíthiúlacht na gcuardach go dtí seo agus mar gur cuireadh ar fáil don iarratasóir na doiciméid go léir a bhí ábhartha don chás a bhí á dhéanamh ag an mBiúró. Ag déileáil dó leis sin i mír 8 dá mhionnscríbhinn forais, ardaíonn an tUas. Michael Keane, an tAturnae thar ceann an iarratasóra, an pointe gur ábhar dlí iad na cuardaigh agus nach gá iad a chonspóid ar mhionnscríbhinn. Chuige sin, luann sé an méid seo i mír 8 dá mhionnscríbhinn: "…tá na cuardaigh bunaithe go hiomlán ar

na pléadálacha agus tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ag brath ar thorthaí na gcuardach lena ndéantar eolas don tuairim fhianaiseach faoi alt 8 den Acht". Braitheann an tUas. Keane ar an gcinneadh ex tempore a rinne an Breitheamh Onórach Birmingham in An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. JR (Ex tempore, an Ard-Chúirt, an 10 Márta 2014, an Breitheamh Onórach Birmingham).

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. JR

21. Bhain an cás seo leis an gcuardach ar bhaile JR inar gabhadh méid suntasach airgid. Ba é an bonn leis an iarratas ón mBiúró sa chás ná gurbh ionann an t-airgead agus fáltais na coireachta, ba é sin le rá go bhfuarthas é ó channabas a dhíol/a sholáthar nó a shaothrú. D'iarr JR follasú an bharántais chuardaigh agus na faisnéise forais. Dhiúltaigh an Biúró don iarratas ar na forais"nárbh ann do rud ar bith sna mionnscríbhinní inar caitheadh amhras ar an dlíthiúlacht a bhain le ceann ar bith de na cuardaigh", i measc nithe eile.

22. Ag tabhairt a bhreithiúnais dó, scríobh an Breitheamh Onórach Birmingham ar leathanach 20 den tras-scríbhinn:-

"*... b'fhéidir gur chúngaigh an t-abhcóide don pháirtí tionscanta a dhíriú. Mar sin féin, agus é ag airbheartú a dhíriú a chúngú, is é an rud a rinne sé ná tagairt don fhoirmle reachtúil agus is é an bhrí atá léi ná "tabhair gach rud domsa". Agus feictear dom nach bhfuil sé sin ag teacht leis an gcur chuige a ghlactar maidir le follasú, is é sin go bhfuil ceanglas ann ábharthacht riachtanais a dhéanamh amach, agus mar sin de. Diúltaím don chatagóir sin, mar sin.*"

23. Ar leathanach 21, scríobh an Breitheamh léannta:-

"A mhéid a bhaineann sé le ceist na mbarántas agus na faisnéise, feictear dom go bhfuil sé chomh dóchúil sin go bhfuil barántais tábhachtach gurb é an fhírinne gur gá do dhuine oibriú ar an mbonn go mbeadh méid ard ábharthachta ag na barántais agus ag an bhfaisnéis agus go mbeadh a mhalairt ar fud fíor i gcás faisnéis ar iarraidh. Feictear dom go bhfuil an tIarratasóir i dteideal na mbarántas agus na faisnéise a iarradh."

24. Ar leathanach 22, scríobh an Breitheamh léannta:

"Feictear dom go bhfuil sé ríthábhachtach gur cheart a insint do dhuine cad a glacadh más rud é gur gabhadh a mhaoin nó gur gabhadh maoin a n-áiteodh sé gurb í a mhaoinse í".

Na hAighneachtaí

25. Chomhdaigh an t-iarratasóir aighneachtaí scríofa an 9 Márta, an 18 Márta agus an 26 Márta 2015. Comhdaíodh aighneacht shubstainteach an fhreagróra an 20 Márta agus comhdaíodh aighneacht bhreise ina dhiaidh sin an 27 Aibreán 2015.

26. Agóideann an t-iarratasóir in aghaidh follasú aon chinn de na catagóirí faoi dhíospóid a dhéanamh ar na forais seo a leanas:-

(a) Ní bhaineann siad leis na hábhair i gceist mar go bhfuil siad frámáilte sna pléadálacha. Áitíonn siad go sonrach nach bhfuil aon deimhneasc ann sa mhionnscríbhinn freagartha substaintí ón bhfreagróir lena n-agóidtear dlíthiúlacht aon chinn de na cuardaigh a rinneadh le linn imscrúdú an Gharda Síochána ar na freagróirí.

(b) Níl siad riachtanach ná ábhartha le haghaidh dhiúscairt chothrom na n-imeachtaí.

(c) Baineann catagóirí (i), (iii) agus (v) le cruthú na ndoiciméad i liostaí cé nach mbaineann an follasú ach le doiciméid atá ann.

(d) I gcás chatagóirí (iii)-(vii), níl an follasú leathan atá á iarraidh nasctha leis na pléadálacha agus is dóigh dó dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil atá ar siúl agus, dá réir sin, ní bheadh san fhollasú ach iarracht chun faisnéis a fháil.

(e) I gcás chatagóir (viii), ba cheart an iarraidh a dhéanamh ar an Uas. Lauridsen mar nach bhfuil sé faoin iarratasóir doiciméid bhaincéireachta rúnda tríú páirtí a fhollasú. A mhéid atá an iarraidh teoranta do thaifid airgeadais na bhfreagróirí, is faisnéis í sin atá ar eolas agus laistigh de chumas soláthair na bhfreagróirí sin a bhfuil modh malartach cruthúnais acu agus, dá réir sin, níl sí cuí maidir le follasú.

(f) D'fhollasaigh an t-iarratasóir na doiciméid go léir, lena n-áirítear doiciméid ó chuardaigh a bhfuil sé beartaithe aige brath orthu.

(g) Tá an rogha ag an gcúirt teacht ar thuairim atá difriúil leis an tuairim sin ar tháinig an Breitheamh Onórach Birmingham uirthi in *An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. JR* ar bhonn na bprionsabal a leag an Breitheamh Onórach Finlay Geoghegan amach in *An Coláiste Ollscoile, Corcaigh v. Bord Soláthair an Leictreachais* [2014] IEHC 135 i mír 29. Áitíonn an Biúró go ndearnadh an cinneadh in JR gan tagairt d'údarás agus go ndearna an chúirt earráid nó gurbh fhéidir go ndearna an chúirt earráid le dlí nó le gníomh mar gur chaith sí leis an iarratas follasaithe a rinneadh mar cheann a tháinig faoi raon na rialacha maidir le nochtadh in imeachtaí coiriúla (mar a bhfuil dualgas ginearálta ann an t-ábhar ábhartha ar fad a nochtadh) in ionad é a bheith faoi raon na rialacha follasaithe in imeachtaí sibhialta, a rialáiltear go trom faoi O. 31 de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986.

27. Áitíonn na freagróirí go bhfuil siad i dteideal follasú ar na forais seo a leanas:-

(a) Is ionann na fíricí agus na cúinsí in An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. JR, áit ar ordaíodh follasú i dtaca le barántais, le faisnéis forais agus le doiciméid a gabhadh dá bhun.

(b) Ní dhearnadh achomharc in aghaidh an chinnidh in JR, cás inar chuir an Biúró in aghaidh follasú ar na forais chéanna atá sa chás reatha, agus cloíodh leis an ordú.

(c) Ní raibh aon údarás roimhe ann ar an gceist roimh an gcinneadh in JR agus, dá bhrí sin, tá ceangal ar an gcúirt an cinneadh sin a bhreithniú agus cloí leis mar nach ann d'aon chúinsí dlíthiúla ná fianaiseacha a d'éileodh go n-imeodh an chúirt uaidh.

(d) Tá na hábhair go léir á gceistiú, lena n-áirítear dlíthiúlacht na gcuardach, rud atá an-ábhartha don chosaint. Níl aon cheanglas ann réamhfhógra a thabhairt faoi phointí dlí ina leith sin.

(e) Ní thuigeann an t-iarratasóir na dualgais follasaithe atá air agus atá leagtha amach in Compagnie Financiere et Commerciale du Pacifique v. Peruvian Guano Company (1882) 11 QBD 55 a mhéid nach féidir leis follasú a theorannú go bunúsach do na doiciméid a bhfuil sé ag iarraidh brath orthu.

(f) Níor theistigh an Biúró nach ann do chatagóirí lena mbaineann liostaí agus níor chuir sé rud ar bith ar mhionnscríbhinn.

An Dlí

28. Is fairsing atá an dlí maidir le follasú doiciméad de bhun Ordú 31, riail 12 de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986. Sa téacsleabhar dar teideal Civil Procedure in the Superior Courts, is é seo an achoimre a dhéanann Delaney agus McGrath, na húdair, i mír 10-20 ar an staid:-

"A court hearing an application for discovery will only order a party to make discovery if it is satisfied that: (i) the documents sought are relevant to the issues and the proceedings, and (ii) discovery is necessary for disposing fairly of the matter or for saving costs."

Tá sé soiléir gur faoin iarratasóir ar fhollasú atá sé an chúirt a shásamh maidir leis na ceanglais sin.

29. Luann siad i mír 10-36:-

"While there is no explicit reference in Order 31 rule 12 to the concept of proportionality, it is being increasingly referred to as the relevant factor in assessing whether the requirement of "necessity" has been satisfied on the facts of a particular case."

30. Tá tástáil chlasaiceach na hábharthachta mar atá leagtha amach ag Brett L.J. in Peruvian Guano Company, áit ar scríobh sé:-

"Feictear dom go mbaineann gach doiciméad leis na hábhair i gceist sa ghníomh, rud a bheadh ina fhianaise in aon saincheist agus a chuimsíonn, mar is réasúnta a cheapadh, faisnéis a d'fhéadfadh an páirtí atá ag éileamh na mionnscríbhinne a chumasú go díreach nó go hindíreach a chás féin a chur ar aghaidh nó damáiste a dhéanamh do chás a chéile comhraic, cé nach bhfuil sé riachtanach gurb amhlaidh atá…"

31. Imeachtaí sibhialta atá in imeachtaí an Bhiúró agus tá feidhm ag na prionsabail ghinearálta thuas maidir leo. Níor cheart follasú in imeachtaí an Bhiúró a cheapadh a bheith cothrom le nochtadh in imeachtaí coiriúla, áit a bhfuil feidhm ag toimhde na neamhchiontachta maidir leis.

32. Ní aontaím leis an aighneacht a rinne an t-abhcóide don Bhiúró sa chás seo go bhféadfadh tuairim an Bhreithimh Onóraigh Birmingham "go bhfuil sé chomh dóchúil sin go bhfuil barántais tábhachtach gurb é an fhírinne gur gá do dhuine oibriú ar an mbonn go mbeadh méid ard ábharthachta ag na barántais agus ag an bhfaisnéis" a bheith ina hearráid bunaithe ar aighneacht dhlíthiúil mhícheart a rinne an t-abhcóide don fhreagróir i gcás JR. Maíodh san aighneacht

gur coiriúil ina gcineál a bhí imeachtaí an Bhiúró agus gur cheart na rialacha maidir le nochtadh coiriúil a chur i bhfeidhm. Cé nár thug an breitheamh léannta tuilleadh sonraí, tá sé soiléir ón tras-scríbhinn agus is féidir leis an gcúirt seo teacht ar an gconclúid:-

(a) gur dhiúltaigh sé d'aighneacht an Bhiúró ar leathanach 13 "nárbh ann do rud ar bith sna mionnscríbhinní inar caitheadh amhras ar an dlíthiúlacht a bhain le ceann ar bith de na cuardaigh". Ba chosúil go ndearna sé amhlaidh ar an mbonn gur cheart mionnscríbhinní a bheith teoranta d'ábhair fíorais agus nár cheart ábhair dhlí ná abhcóideachta a bheith ar áireamh leo agus;

(b) go raibh sé aireach ar chur i bhfeidhm na "rialach eisiataí" maidir le cásanna sibhialta (féach *An tÚdarás Iomaíochta v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann* [2006] ILRM 383 agus an plé i gCaibidil 7 de *Evidence*, an 3ú hEagrán (Baile Átha Cliath, 2014) le McGrath) agus ar an gceangal atá ar fhreagróirí cóipeanna d'fhaisnéis agus de bharántais chuardaigh a bheith acu chun críche a bhreithniú cé acu a fuarthas an fhianaise ina n-aghaidh go dleathach nó nach bhfuarthas.

Conclúid

33. Cé nár chonspóid an t-iarratasóir dlíthiúlacht na mbarántas cuardaigh ar mhionnscríbhinn, feictear dom gurb amhlaidh, bunaithe ar phrionsabail ghinearálta, go bhfuil an freagróir i dteideal fhollasú na mbarántas agus aon fhaisnéise a bhí mar fhoras leo.

34. Más rud é go ndearna an Biúró aon chuardaigh de bhun barántas a fuarthas seachas orduithe alt 7 a dheimhneasctar sna mionnscríbhinní agus más rud é gurb ann d'ábhar atá ábhartha d'aon chosaint a chuir an freagróir ar aghaidh (e.g. gurbh idirbhearta dlisteanacha a rinneadh le linn gnáthghnó baincéireachta iad na hidirbhearta), caithfear an t-ábhar sin a fhollasú, cé is moite de chás nach bhfuil follasú ina riachtanas ann nó a bhfuil sé faoi réir pribhléide nó rúndacht tríú páirtí ann. Ní bheadh follasú ina riachtanas, mar shampla, dá mbeadh an t-ábhar atá á iarraidh laistigh de chumas soláthair an fhreagróra.

35. Chuir an Biúró sonraí iomlána ar fáil faoi na cuardaigh go léir agus faoi thorthaí na gcuardach sin a bhfuil sé ag brath orthu. Tá achoimre déanta ar an bhfaisnéis sa mhionnscríbhinn ón mBleachtaire-Gharda Jean Ennis agus tá mionchur síos déanta air sna mionnscríbhinní ó na hoifigigh imscrúdaithe. Sna cúinsí seo, tá an chúirt den tuairim nach gá don Bhiúró aon fhaisnéis bhreise a chur ar fáil i dtaca leis na cuardaigh sin agus leis na míreanna ar ghlac an Biúró iad.

36. Diúltaím d'fhollasú faoi chatagóirí

(i) go (iv) ar na forais thuas agus faoi chatagóir (iv) ar an bhforas breise nach bhfuil san iarraidh ach iarracht chun faisnéis a fháil agus gur iarraidh leatromach í. Is ionann é agus an cur chuige "tabhair gach rud domsa" ar dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Birmingham dó.

37. Maidir leis na hOrduithe ón gCúirt Dúiche lenar calcadh cuntais bhainc an fhreagróra, sholáthair an t-iarratasóir cóip den Ordú agus na cúiseanna mar fhoras leis, faoi mar a cheanglaítear le hAcht 2010. Ceadaítear le halt 18(5) go bhféadfar sonraí a eisiamh má tá "... forais réasúnacha ann lena chreidiúint maidir leo go ndéanfaí dochar don imscrúdú ar ina leith a thabharfar an t-ordachán nó an t-ordú dá nochtfaí iad." Ina theannta sin, toirmisctear nochtadh tuarascála (tuarascáil maidir le hidirbheart amhrasach) le halt 22 "... i gcúrsa imeachtaí faoi alt 17 nó 19, d'aon duine seachas an breitheamh den Chúirt Dúiche lena mbaineann." Diúltaím d'fhollasú chatagóirí (v) go (vii) ar bhonn dhearbhú an Bhiúró ina aighneachtaí go bhfuil imscrúdú coiriúil ar bun ann, faoi réir ráiteas a bheith tugtha ag an mBiúró ar mhionnscríbhinn go ndéanfadh follasú dochar don imscrúdú sin.

38. Diúltaím d'fhollasú i dtaca le catagóir (viii) ar na forais

(a) go bhfuil sé róleathan, díréireach agus trom, nach bhfuil sé dírithe ar aon saincheist ar leith agus nach bhfuil ann ach iarracht chun faisnéis a fháil;

(b) nach bhfuil follasú ina riachtanas a mhéid a bhaineann an iarraidh le taifid airgeadais an fhreagróra é féin; cuireadh ar fáil don fhreagróir cheana féin faisnéis airgeadais a tógadh ó Bhanc Uladh i dtaca leis na cuntais i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus faisnéis airgeadais a tógadh ón gcuntas le Bainc-Aontas Éireann san Uaimh agus tá modh malartach cruthúnais ag an bhfreagróir mar go bhfuil an fhaisnéis atá á hiarraidh laistigh de chumas soláthair an fhreagróra amháin, agus;

(c) gurb amhlaidh, a mhéid a bhaineann an fhaisnéis leis an Uas. Lauridsen, an fógraphháirtí, nár thaispeáin na freagróirí go bhfuil a leithéid riachtanach nó gur thaispeáin siad nach bhfuil modh malartach cruthúnais acu. Dhearbhaigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla gur ábhar rúnda é ábhar an fhógraphháirtí agus chuir sé in iúl go bhfuil sé imníoch faoi fhaisnéis íogair rúnda a thabhairt do na freagróirí. Chuige sin, leasaigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla an chóip den mhionnscríbhinn ón Uas. Lauridsen a cuireadh ar fáil do na freagróirí. Arís, ba cheart é a dheimhneasc ar mhionnscríbhinn.

Príomhchásanna a Luadh

- *An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. JR (Ex tempore*, an Ard-Chúirt, an 10 Márta 2014, an Breitheamh Onórach Birmingham)
- *An Coláiste Ollscoile, Corcaigh v. Bord Soláthair an Leictreachais* [2014] IEHC 135
- *Compagnie Financiere et Commerciale du Pacifique v. Peruvian Guano Company* (1882) 11 QBD 55
- *An tÚdarás Iomaíochta v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann* [2006] ILRM 383

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Thomas Murphy

17 Nollaig 2015, an Chúirt Choiriúil Speisialta: Butler, O'Hagan, Ryan, JJ, Uimh. Bhille SP0001/2008

Ioncam – alt 951 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 – Duine inmhuirearaithe – theip air "go feasach agus go toiliúil" tuairisceáin a sheoladh

1. Cúisítear an cúisí i naoi gcion ina líomhnaítear gur theip air, mar dhuine inmhuirearaithe, tuairisceáin cháin ioncaim a sheoladh do na tréimhsí idir an bhliain 1996 agus an bhliain 2004. Líomhnaítear i ngach scór gur theip air "go feasach nó go toiliúil", mar dhuine inmhuirearaithe, tuairisceáin a sheoladh (Scóir 5 go 9 – alt 951 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus alt 10 den Acht Airgeadais, 1988) agus "gan míniú réasúnach" (Scóir 1 go 4).

2. Measann an chúirt go bhfuil sé riachtanach a lua go bhfuair an t-ionchúiseamh seo poiblíocht fhorleathan ar lena linn sin a labhair roinnt tráchtairí faoi ghníomhaíochtaí neamhcheangailte eile a rinne an cúisí. Cé go bhfuil an chúirt láneolach ar an bpoiblíocht sin, níl aon tionchar aici ar na cúiseanna a thionscain na Coimisinéirí Ioncaim in aghaidh an chúisí sna himeachtaí seo agus ní théann an phoiblíocht i bhfeidhm ar an gcúirt ar chor ar bith.

3. D'fhéach na cúisitheoirí, i bhfianaise, leis na gníomhaíochtaí feirmeoireachta a rinne an cúisí sna tréimhsí ábhartha a dhéanamh amach trí líon an-ard doiciméad a airbheartaítear a bheith sínithe ag 'T. Murphy', a bhfuil Baile Binibe, Crois an Mhaoir, Dún Dealgan, Co. Lú, mar sheoladh tugtha dó. Áiríodh leis na doiciméid sin iarratas ar uimhir thréada, iarratais ar íocaíochtaí éagsúla airgeadaíochta, seiceanna nó orduithe íocaíochta a bhí iníoctha le 'T. Murphy' i leith na n-iarratas sin, taifid ar idirbhearta le marglanna eallaigh agus le monarchana próiseála feola arna ndéanamh ag 'T. Murphy' nó 'Thomas Murphy' ón seoladh sin agus íocaíochtaí arna ndéanamh leis ag na heintitis sin, cuntas arna oibriú ag Thomas Murphy agus an úsáid agus an tairbhe arna mbaint as fáltais na n-íocaíochtaí sin ag sealbhóir an chuntais sin.

4. Ba é cás na gcúisitheoirí ná nár sheol an cúisí tuairisceáin chuig na Coimisinéirí Ioncaim i leith na dtréimhsí i gceist, d'ainneoin na fírice go ndearna an cúisí iarratas ar uimhir thréada agus go bhfuair sé í, go ndearna sé iarratas ar íocaíochtaí suntasacha ón Stát agus go bhfuair sé iad, gur sheol sé déileálacha suntasacha i dtaca le talamh agus gur sheol sé déileálacha suntasacha i dtaca le heallach a thrádáil. Tugadh fianaise freisin go raibh baint aige (ar a laghad) le talamh a fháil ar cíos le haghaidh eallach a choinneáil. Is é is "duine

inmhuirearaithe" ann ná duine atá ina chónaí sa Stát agus a mhuirearaítear cáin ar an mbrabús bliantúil nó ar na gnóthachain bhliantúla as trádáil, gairm nó fostaíocht ar bith, cibé acu a rinneadh í sa Stát nó in áit eile (alt 18, an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 - Sceideal D). Gearrfar an cháin ioncaim sin ar dhaoine nó ar chomhlachtaí daoine atá ag fáil nó i dteideal an ioncaim a n-ordaítear an cháin ina leith agus íocfaidh na daoine nó na comhlachtaí daoine sin í (alt 52, an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997).

5. De bhreis ar an bhfianaise, rud a rinne amach, dar leis na cúisitheoirí, go raibh an cúisí ag leanúint leis an ngníomhaíocht feirmeoireachta sin agus go raibh sé ina dhuine inmhuirearaithe de réir bhrí na reachtaíochta, d'fhéach na cúisitheoirí le brath ar dheimhnithe a eisíodh de bhun alt 951(10) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Is é oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a shíníonn na deimhnithe sin i leith gach cinn de na tréimhsí measúnaithe i gceist agus is é atá iontu ná ráiteas sa chéill go raibh an duine ina dhuine inmhuirearaithe agus nach bhfuarthas tuairisceán ón gcúisí ar an dáta tuairisceáin le haghaidh na tréimhse ar leith sin ná roimh an dáta sin. Ba mar seo a leanas an t-ábhar a bhí i ndeimhniú amháin den sórt sin:-

"Deimhniú ó oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim de bhun alt 951(10) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. An tIonchúisitheoir: an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. An Cúisí: Thomas Murphy. De réir fhorálacha alt 951(10) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, deimhním leis seo gur scrúdaigh mé na taifid ábhartha agus gur cosúil ó na taifid:

(a) *gur duine inmhuirearaithe é duine darb ainm Thomas Murphy ó Bhaile Binibe, Crois an Mhaoir, Dún Dealgan, Co. Lú, an cúisí thuasluaite, i dtaca le tréimhse inmhuirearaithe, mar a bhí an bhliain measúnaithe 1996-1997; agus*

(b) *gurb amhlaidh ar an dáta sonraithe tuairisceáin le haghaidh na tréimhse inmhuirearaithe nó roimh an dáta sin, mar a bhí an 3ú lá de mhí Eanáir 1998, nach bhfuarthas tuairisceán san fhoirm fhorordaithe ón duine inmhuirearaithe sin, ba é sin, Thomas Murphy."*

Is é an 21 Meán Fómhair 2006 an dáta ar an deimhniú agus is é an síniú atá air ná "An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla".

6. De bhreis ar na deimhnithe sin a chruthú, thug an finné ar tugadh Oifigeach Biúró 35 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim air fianaise go ndearna sé scrúdú ar gach ceann de na doiciméid ábhartha agus gur deimhin leis gur dhuine

inmhuirearaithe é an cúisí agus nár sheol sé tuairisceáin. Mar sin, tá an chúirt in ann leas a bhaint as an bhfianaise ar fad agus, gan na deimhnithe a áireamh, maítear gur leor an fhianaise ar fad chun an chúirt a shásamh thar amhras réasúnach go raibh an cúisí ag fáil ioncaim ó dhíol eallaigh agus gurbh amhlaidh gur bhain sé úsáid as lena leas féin.

7. D'áitigh an chosaint agus í ag croscheistiú fhinnéithe na gcúisitheoirí nárbh é an cúisí a bhí gafa leis an ngníomhaíocht feirmeoireachta agus gurbh amhlaidh go raibh feirm amháin lenar bhain roinnt tréad a bhí á gcoinneáil le chéile, lenar áiríodh an tréad in ainm an chúisí, á reáchtáil ag deartháir an chúisí, mar a bhí Patrick Murphy agus go raibh "brionnú ar siúl" sa dóigh is gur in ainm Thomas Murphy a síníodh roinnt de na doiciméid inar tagraíodh do Patrick Murphy.

8. Glacadh leis na ráitis faoi alt 16 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006.

(1) Le linn na trialach, glacadh le ráitis a rinne Patrick Flanagan, Tréidlia, agus Brian Garvey, Úinéir Talún, mar chuid den fhianaise.

(2) Ina ráiteas, dúirt an tUas. Flanagan-

(a) go bhfaca sé muintir Murphy, Thomas Murphy ar áireamh, agus iad ag síniú na bhfoirmeacha ón Roinn Talmhaíochta.

(b) gur thuig sé na ceanglais a bhí air an fhírinne a insint.

(c) go raibh baint ag Thomas Murphy leis an bhfeirmeoireacht mairteola agus bó diúil ar feadh na tréimhse ar fad a bhí sé ag déileáil leis ar a laghad.

(d) gur tugadh rogha dó aon ghné den ráiteas nár aontaigh sé léi a scrios amach nó a tharraingt siar agus go ndearna sé amhlaidh.

(3) gur labhair an tUas. Garvey leis an Uas. Murphy i dtaca le cúrsaí feirmeoireachta agus le talamh a fháil ar cíos an lá sular thug sé a ráiteas sa bhliain 2005.

(4) Bhreithnigh an chúirt na ráitis sin roimhe seo i bhfianaise na fianaise frithráití viva voce agus i bhfianaise iomláine na fianaise sa chás seo agus bhreithníomar cén tábhacht ba cheart a leagan ar an ráiteas sin. Is deimhin leis an gcúirt thar amhras réasúnach go léirítear an fhíorstaid gnóthaí san fhianaise faoi alt 16 atá leagtha amach thuas, is é sin go raibh

Thomas Murphy ag leanúint le gnó feirmeoireachta agus déileála eallaigh.

9. Rinne an saineolaí lámhscríbhneoireachta scrúdú ar na sínithe sin agus chinn sé nárbh é an cúisí a shínigh iad. Tugadh don saineolaí freisin samplaí de shínithe a cuireadh i leith an chúisí. Tar éis dó anailís a dhéanamh orthu, chinn an saineolaí gurbh fhíorshínithe iad sin. Mar sin féin, níor chuid de na sínithe a cuireadh i leith an Uas. Murphy é foilseán ionchúisimh 30, ina bhfuil thart ar 30 seic a tarraingíodh ar chuntas Thomas Murphy agus a bhí sínithe ag 'T. Murphy'. Ag féachaint don fhianaise ina hiomláine, chinn an chúirt gurbh é an cúisí a shínigh na seiceanna sin.

10. Níltear ag plé anseo leis an bhfíric nach ndearna an cúisí aon tuairisceáin.

11. Ní féidir plé anseo leis an gceist maidir le "gan míniú réasúnach" toisc go bhfuil an chosaint ag argóint nár dhuine inmhuirearaithe é an cúisí sa chéad áit. Níl leithscéal den sórt sin ach ar eolas ag aon pháirtí amháin agus, dá bhrí sin, tá ualach ar an bpáirtí sin fianaise a chur ar fáil (J.F. v. Éire agus an tArd-Aighne, an Breitheamh Onórach Binchy, Neamhthuairiscithe, Iúil 2015). Mar sin, ní chuirtear isteach ar phrionsabal an fhéin-ionchoirithe.

12. Maidir leis an gceist ar theip air tuairisceáin a sheoladh "go feasach nó go toiliúil", má tharla sé go raibh sé ag seoladh na gníomhaíochta feirmeoireachta atá i gceist, caithfidh go raibh sé ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin agus faoin oibleagáid a bhí air tuairisceáin chánach ioncaim a dhéanamh ina leith, go háirithe ag féachaint don fhíric go bhfuarthas tuairisceáin chánach ioncaim ag amanna éagsúla ó bhaill teaghlaigh eile a bhí ag gabháil don fheirmeoireacht sa láthair chéanna – is iad sin , Patrick Murphy, Frank Murphy, Rosemary Murphy.

13. Cuirtear na toimhdí seo a leanas, i measc cinn eile, isteach le halt 161 den Acht Airgeadais, 2003 [aistriúchán neamhoifigiúil]:-

(3) I gcás go n-airbheartaítear i ndoiciméad gurbh é duine a chruthaigh é, toimhdeofar, mura léirítear a mhalairt, gurbh é nó í an duine sin a chruthaigh an doiciméad agus gurbh é nó í an duine sin a rinne aon ráiteas atá sa doiciméad, mura gcuirtear déanamh an ráitis go sainráite i leith duine éigin eile sa doiciméad.

(4) I gcás go n-airbheartaítear i ndoiciméad gurbh é duine a chruthaigh é agus gur seoladh chuig duine eile é, toimhdeofar, mura léirítear a mhalairt, gurbh é nó í an chéad duine a chruthaigh agus a sheol an doiciméad agus gurbh é nó í an dara duine a fuair é agus, maidir le haon ráiteas atá sa doiciméad, toimhdeofar:-

(a) gurbh é nó í an chéad duine a rinne é, mura gcuirtear déanamh an ráitis go sainráite i leith duine éigin eile, agus

(b) gur tháinig sé ar iúl an dara duine."

14. Bunaithe ar an bhfianaise, an deimhin leis an gcúirt, mar bhinse fíorais, go raibh an cúisí ag seoladh gníomhaíocht feirmeoireachta i dtaca leis an uimhir thréada ábhartha? Rinne an chúirt an fhianaise seo a leanas a tugadh ar aird ina leith sin a bhreithniú ina haonar agus ina hiomláine:-

(1) Na doiciméid sin a tugadh ar aird san fhianaise:

(2) An fhíric go ndearna an cúisí iarratas ar uimhir thréada, rud inar thug sé Crois an Mhaoir mar sheoladh.

(3) Osclaíodh cuntas bainc in ainm Thomas Murphy agus bhí an cuntas sin, go pointe éigin ar a laghad, á fheidhmiú aige lena leas féin (lenar áiríodh chun íocaíochtaí a dhéanamh isteach ina gciste pinsean pearsanta).

(4) D'oibrigh an tUas. Patrick Flanagan, tréidlia, agus a athair roimhe le muintir Murphy, an cúisí ina measc, agus bhí aithne aige orthu de bharr a ngníomhaíochtaí feirmeoireachta.

(5) De réir na fianaise ón Uas. Rafferty ón Roinn Talmhaíochta fianaise, rinne Thomas Murphy iarratas ar uimhir thréada, rud inar chuir sé síos air féin mar mhargaire eallaigh, agus deimhníodh i litir ó aturnaetha an Uas. Murphy go raibh talamh ina sheilbh. Ba iad Murdoch agus Flanagan na tréidlianna sa chás. Dúirt sé go raibh aithne aige ar mhuintir Murphy agus go mbeadh ainm an ghníomhaire le feiceáil ar an bhfoirm dá síneodh gníomhaire é.

(6) An "Leabhar MGO". D'aontaigh an cuntasóir gur nochtadh sa rud ar ar tugadh an "leabhar MGO" gach idirbheart a bhain le

tréada Murphy ón mbliain 1996 go dtí an bhliain 2004. Is le húinéirí tréada ar leith, an cúisí ina measc, a bhaineann na hidirbhearta atá tuairiscithe.

(7) Léirítear i ndialanna na taifid a rinne Patrick Murphy ar airgead a fuarthas chun sochair do Thomas Murphy, an cúisí.

(8) Rinneamar breithniú ar an argóint ón gCosaint gurbh é Patrick Murphy an duine inmhuirearaithe sa chás seo. B'amhlaidh gur dhuine inmhuirearaithe é Patrick Murphy agus rinne sé tuairisceáin ina leith sin. Bhí sé ina pháirtí i socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin freisin. Mar sin féin, ní bhréagnaíonn sé sin na cinntí a rinneadh maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta an chúisí ag na hamanna ábhartha.

15. Comhthacaíonn an cinneadh fíorais leis na deimhnithe dá dtagraítear thuas agus is deimhin leis an gcúirt, thar amhras réasúnach, go raibh an cúisí ina "dhuine inmhuirearaithe" i dtaca le gach ceann de na tréimhsí ábhartha.

16. Ag féachaint dá bhfuil roimhe seo, is deimhin leis an gcúirt, thar amhras réasúnach, go bhfuil an cúisí ciontach i ngach ceann de na cuntais aonair ar an díotáil anseo.

Príomhchásanna a Luadh

- *Éire agus an tArd-Aighne, an Breitheamh Onórach Binchy, Neamhthuairiscithe, Iúil 2015*

Cuid a Seacht
Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2015

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a hOcht
Forbairtí Idirnáisiúnta

An Ghné Idirnáisiúnta

Agus é ina ghníomhaireacht tosaigh sa chomhrac in aghaidh coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus an rath atá bainte amach aige go dtí seo, bunaithe, a bheag nó a mhór, ar an gcur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach lena nglacann sé. Tacaíonn sraith uathúil prionsabal dlí ina leith sin freisin. Leanann an Biúró ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt ar leibhéal idirnáisiúnta ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.

An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS)

Sa bhliain 2011, ghlac Coimisiún AE tuarascáil ar fheidhmiú na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní (OASanna) arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun dul i ngleic le coireacht eagraithe. Trí shócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach a aithint laistigh dá gcuid dlínse féin, agus trí mhalartú na faisnéise cuí a éascú ar leibhéal na hEorpa, cabhraíonn na hoifigí sin le brabús coiriúil a bhaint de choirpigh. Is é an Biúró an Oifig ainmnithe um Aisghabháil Sócmhainní d'Éirinn.

Oibríonn grúpaí coiriúla ar bhonn trasnáisiúnta agus faigheann siad sócmhainní i ndlínsí nach a ndlínse féin iad. Is é cuspóir na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní ná cúnamh a thabhairt do na Ballstáit sócmhainní coiriúla a rianú agus a aithint i mBallstáit eile. Uirlisí tábhachtacha san obair sin is ea na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní sna Ballstáit.

Oibríonn an Biúró go gníomhach leis na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní sna Ballstáit eile chun imscrúduithe a bhrú chun cinn. Freastalaíonn an Biúró ar iarrataí ar chúnamh ó na Ballstáit eile freisin.

Le linn na bliana 2015, fuair an Biúró aon iarraidh is tríocha ar chúnamh. Bhí an Biúró in ann faisnéis a chur ar fáil ansin i dtaca leis na hiarrataí sin. Fuarthas na hiarrataí ó dhá thír déag dhifriúla laistigh den Aontas Eorpach. Sheol an Biúró féin ceithre iarraidh chuig trí thír dhifriúla agus fuair sé freagraí ar gach ceann díobh.

Glacann an Biúró páirt in dhá fhoghrúpa faoi chuimsiú OAS, is iad sin:

1. Oifigí um Bainistíocht Sócmhainní
2. Airgeadraí Fíorúla

Le linn na bliana 2015, bhí an Biúró páirteach i ndea-chleachtas a fhorbairt agus a mhalartú sna réimsí sin.

Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó thaobh oibríochtaí de, leanann an Biúró le bheith páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. Bíonn rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí den sórt sin ag brath ar imthosca an cháis lena mbaineann. Mar shampla, cuireann an Biúró faisnéis leanúnach ar fáil chun cabhrú le himscrúdú i ndlínse eile uaireanta. I bhformhór na gcásanna sin, baineann rannpháirtíocht an Bhiúró le ról gníomhach a ghlacadh i dtargaidí coiriúla aonair, agus sócmhainní na dtargaidí sin, a rianú i gcomhar le gníomhaireachtaí den chineál céanna i ndlínsí eile.

Europol

Leanann an Biúró ar aghaidh leis an ról atá aige mar phríomhghníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí in Éirinn, agus é páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta leanúnacha a bhíonn á mbainistiú ag Europol. Bíonn na hoibríochtaí sin ag díriú ar ghníomhaíochtaí na ndrong coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha agus a fhéachann le leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann le saorghluaiseacht trasna teorainneacha idirnáisiúnta a úsáid ar mhaithe lena gcuid gníomhaíocht choiriúil nó ar mhaithe le gníomhaíocht den sórt sin a éascú.

Interpol

Is é is Interpol ann ná gníomhaireacht atá comhdhéanta de bhallraíocht na n-eagraíochtaí póilíneachta i gcéad is nócha tír ar fud an domhain. Is é príomhfheidhm na gníomhaireachta ná cabhrú le himscrúduithe intíre a théann thar theorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró leas as an ngníomhaireacht sin i roinnt imscrúduithe a rinneadh sa bhliain 2015.

CARIN

Sa bhliain 2002, chomhóstáil an Biúró agus Europol comhdháil i mBaile Átha Cliath in Óstán Chúirt Camden. Bhí cleachtóirí fhorfheidhmiú an dlí agus cleachtóirí breithiúnacha i measc na rannpháirtithe sa chomhdháil.

Lógó CARIN

Ba é cuspóir na comhdhála ná moltaí a chur i láthair a bhain le fáltais ó choireacht a aithint, a rianú agus a urghabháil. Ba é ceann de na moltaí a tháinig as na ceardlanna ná breithniú a dhéanamh ar ghréasán neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus ar ghrúpa comhoibríoch sa réimse a bhaineann le sócmhainní coiriúla a aithint agus a aisghabháil a chur ar bun. Cuireadh an Gréasán Idirghniomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) ar bun ina dhiaidh sin.

Is é an aidhm atá le CARIN ná feabhas a chur ar a éifeachtaí a bhíonn iarrachtaí chun brabús aindleathach a bhaint de choirpigh.

Rinneadh Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní a sheoladh go hoifigiúil le linn Chomhdháil Bunaithe CARIN sa Háig i mí Mheán Fómhair 2004.

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe i gceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha atá comhdhéanta de naonúr comhaltaí agus a bhfuil Uachtaránacht rothlach aige.

Bhí an Biúró fós ina chomhalta den Ghrúpa Stiúrtha le linn na bliana 2015 agus d'fhreastail sé ar cheithre chruinniú de chuid an Ghrúpa Stiúrtha sa bhliain. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an Biúró ar an gcruinniú ginearálta bliantúil ar óstáil Geansaí é idir an 8 agus an 9 Deireadh Fómhair 2015. Ag teacht sna sála ar an obair ar tugadh fúithi ag an gcruinniú ginearálta bliantúil, chomhaontaigh gach ceann de na rannpháirtithe moltaí a dhéanamh ina leith. Tá na moltaí sin á ndréachtú faoi láthair agus, nuair a bheidh siad réidh, seolfar iad chuig na tíortha rannpháirteacha agus chuig roinnt gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ainmnithe ar fud na hEorpa.

ALEFA (Cumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha Forfheidhmithe Dlí)

Is é is Gréasán ALEFA ann ná tionscadal cistithe Eorpach a bunaíodh chun cáilíocht agus tionchar na cuntasaíochta fóiréinsí ar fud gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a fhorbairt ionas go dtabharfar cabhair níos fearr do na cúirteanna, d'íospartaigh, d'fhinnéithe, d'amhrastaigh, do chosantóirí agus dá n-ionadaithe dlíthiúla i dtaca le calaois líomhnaithe, leis an gcoireacht fhioscach, leis an gcoireacht airgeadais agus leis an tromchoireacht eagraithe.

Sa bhliain 2015, d'fhreastail an Biúró ar roinnt cruinnithe de chuid an Ghrúpa Stiúrtha i mBaile Átha Cliath mar chomhalta den ghrúpa.

Lógó ALEFA

ARIN-EA

Lean an Biúró ar aghaidh le dul i mbun comhair idirnáisiúnta sa bhliain 2015, agus rannchuidiú ar leith á dhéanamh aige maidir le gréasáin de chineál CARIN a bhunú agus a fhorbairt. Ceann amháin de na gréasáin sin is ea an Gréasán Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní don Afraic Thoir.

Rinneadh an Gréasán Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní don Afraic Thoir (ARIN-EA) a sheoladh an 6 Samhain 2013 in Kigali, Ruanda, tar éis rún a glacadh le linn an 7ú Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid Chumann Údarás Frith-Éillithe na hAfraice Thoir (EAAACA). Is iad na tíortha atá páirteach in EAAACA ná an Bhurúin, Djibouti, an Aetóip, an Chéinia, Ruanda, an tSúdáin Theas, an Tansáin agus Uganda.

Is é cuspóir ARIN-EA ná gréasán neamhfhoirmiúil a chur ar fáil i réigiún na hAfraice Thoir chun faisnéis a mhalartú lena gcumasófar aisghabháil sócmhainní a ceannaíodh leis na fáltais ó choireacht. Is minic a aistrítear sócmhainní goidte chuig dlínsí eachtracha, rud a dhéanann an próiseas aisghabhála sócmhainní níos casta agus níos am-ídithí fós. Oibríonn ARIN-EA le gréasáin réigiúnacha eile i dtionscnaimh aisghabhála sócmhainní freisin.

Is é aidhm ARIN-EA ná faisnéis faoi dhaoine aonair, faoi chuideachtaí agus faoi shócmhainní a mhalartú ar leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn cabhrú le fáltais ó ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a shaothrú agus a aisghabháil agus d'fhonn a mbrabús aindleathach a bhaint de choirpigh. Tríd an ngréasán neamhfhoirmiúil idirnáisiúnta seo de chleachtóirí agus de shaineolaithe, seolfar iarrataí ar chomhar trasnáisiúnta chuig na gníomhaireachtaí náisiúnta lena mbaineann. Mar sin, beifear in ann sócmhainní a aisghabháil ar bhealach níos tapa.

Lógó ARIN-EA

Reáchtáladh an cruinniú de chuid ghrúpa oibre ARIN-EA i Nairobi (an Chéinia) ón 30 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2015. D'iarr ARIN-EA oiliúint ó CARIN in obair na bhfoirne imscrúdaithe comhpháirteacha trasteorann agus sa dea-chleachtas maidir le gréasán de chineál ARIN a oibriú araon.

D'iarr Grúpa Stiúrtha CARIN ar an Uas. Declan O'Reilly, Oifigeach Dlí an Bhiúró, ionadaíocht a dhéanamh dó ag an gcruinniú agus rinne sé amhlaidh. Mar a tharla, bhí an cruinniú sin ag teacht go maith leis an obair a bhí á déanamh ag ARIN-EA chun dul i ngleic le coireacht fiadhúlra, go háirithe póitseáil srónbheannach.

An Caidreamh leis an Ríocht Aontaithe

Tá caidreamh uathúil ag an mBiúró leis na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, toisc gurb í an t-aon tír amháin lena gcomhroinnimid teorainn talún agus toisc go bhfuil an caidreamh idir an dá dhlínse á fhorbairt le blianta fada.

An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann

Ag an gComhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann, tugtar deis do gach gníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí ar an dá thaobh den teorainn teacht le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhí ar siúl sa bhliain roimhe agus pleanáil a dhéanamh don bhliain atá le teacht. Tugtar deis lena linn freisin eolas agus taithí a mhalartú agus an dea-chleachtas a aithint in aon réimse comhair ar leith.

An Grúpa Breosla Trasteorann agus an Grúpa Máil Trasteorann

Leanann an Biúró ar aghaidh le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Breosla Trasteorann agus sa Ghrúpa Máil Trasteorann.

Cuairteanna ar an mBiúró

Leanann rath an Bhiúró le haird idirnáisiúnta a tharraingt. Le linn na bliana 2015, d'éascaigh an Biúró cuairteanna ó thoscaireachtaí eachtracha maidir le raon disciplíní éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tugann rannpháirtíocht leantach an Bhiúró in imscrúduithe ag a bhfuil gné idirnáisiúnta deis le cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí don bhagairt leanúnach a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil eagraithe thrasnáisiúnta agus le heolas a dhéanamh don fhreagairt sin. Anuas air sin, tugann an rannpháirtíocht sin deis don Bhiúró an taithí atá aige a chomhroinnt le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar comhpháirtithe dá chuid iad.

Cuid a hOcht
Forbairtí Idirnáisiúnta

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Naoi
Conclúidí

Ar fud na bliana 2015, d'fheidhmigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla a shainchúram reachtúil neamhspleách d'fhonn na fáltais ó iompar coiriúil a shaothrú i gcásanna cuí. D'fhonn an sainchúram reachtúil neamhspleách sin a chomhlíonadh, bhain an Biúró leas as forálacha an Achta um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005, agus as an reachtaíocht um Ioncam agus Cosaint Shóisialta, de bhreis ar chumhachtaí faoin gcód coiriúil a fheidhmiú. Foráiltear le forálacha an Achta fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, arna leasú, d'fheidhmiú fheidhmeanna an Bhiúró ach cur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach a úsáid.

Lean an Biúró de bheith ag díriú ar shócmhainní a tháinig ó chineálacha éagsúla iompair amhrasta choiriúil, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh agus smuigleáil breosla agus trádáil neamhdhleathach tobac. Le linn na bliana 2015, chuir an Biúró béim ar leith ar dhíriú ar na dronga coiriúla eagraithe a bhíonn ag gabháil do choireacht maoine, amhail buirgléireacht. Ba go sonrach ar choireacht i gceantair thuaithe a dhírigh gníomhaíochtaí an Bhiúró ina leith sin.

De bharr imscrúduithe a rinne an Biúró agus de thoradh na n-imeachtaí agus na ngníomhartha a tháinig as na himscrúduithe sin, cuireadh níos mó ná €1.6 milliún ar aghaidh chuig an Státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht. Bailíodh níos mó ná €2.038 milliún i bhfoirm Ioncaim agus aisghabhadh ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh arbh fhiú níos mó ná €185,354 iad freisin.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, choinnigh an Biúró naisc láidre ar bun le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain, agus lean sé le dul i dteagmháil leo, maidir le díriú ar shócmhainní a tháinig ó iompar amhrasta coiriúil. Tugadh faoi imscrúduithe comhpháirteacha i roinnt cásanna, agus réimse na gáinneála ar dhrugaí i gceist leis an bhformhór díobh.

Lean an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ag a bhfuil naisc thrasdlínse, go háirithe Interpol, Europol, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta sa Ríocht Aontaithe agus Gréasán CARIN. Ós rud é go bhfuil sé ar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn, leanann an Biúró ar aghaidh ag déanamh tuilleadh forbartha ar naisc fheabhsaithe forfheidhmithe dlí le Ballstáit eile den AE.

Níl teagmháil idirnáisiúnta teoranta do ghníomhaireachtaí sa réimse um fhorfheidhmiú dlí. Maidir leis sin, lean an Biúró ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh straitéisí a fhorbairt trína ndírítear ar shócmhainní, i gcomhar le hinstitiúidí airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais ar bhonn idirnáisiúnta ionas nach mbeidh coirpigh amhrasta in ann teachta ar na tairbhí a ghabhann le sócmhainní nó le gnóthachain a thagann ó iompar coiriúil.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, leanann an Biúró ar aghaidh le dul i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus

Cuid a Naoi
Conclúidí

Comhionannais ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt trína ndíreofar ar na sócmhainní agus ar an mbrabús a thagann ó iompar coiriúil. Meastar gur uirlis éifeachtach í an straitéis sin sa chomhrac foriomlán in aghaidh coireacht eagraithe.

Le linn na bliana 2015, cuireadh níos mó ná €3.8 milliún ar aghaidh chuig an bPríomh-Chiste de thoradh ghníomhartha an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Aguisín
cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró

Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo , is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró —

(a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-iomláine, nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus

(c) tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

5.—(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína n-oifigigh, ná gach beart riachtanach a dhéanamh —

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh, úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé acu ar achtaíodh é roimh nó tar éis achtú an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus

(d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás aisghabhála fáltais ó choireacht, cánach nó slándáil shóisialta é, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith —

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

Nótaí

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 PT89
Éire